

PLÉARÁCA 09

Foilsithe ag Pléaráca Teo ar ócáid na Féile

€4



John Millington Synge + 30 Bliain don Údarás
Oisín i dTír na nÓg + Clár na Féile + Inis Meáin
Dánta + Grianghraifeanna + Athrú



Séideán Sí Rang 4

Ar fáil anois




Teideal	€
An Pacáiste Iomlán: Rang 4	130

Codanna den Phacáiste Iomlán (thuas) atá ar díol

Teideal	€
Leabhar an Oide F (Fillteán)	20
Dlíúdhiosca 1 & 2 (Scéalta, Sceitsí agus Tuairisc) Leagan Ultach, Leagan Muimhneach agus Leagan Connachtach	25
Fite Fuaite (Leabhar an Dalta F)	8.50
8 Leabhar don Léitheoireacht:	
Togha agus Rogha	8
Cogar mé seo leat arís!	8
An Teist	8
Seo, Siúd agus Eile	8
Leabhar Mór an Eolais (Ciclipéid)	16.50
*Ar Thóir an Toirc Bháin	8
*Carraig na Caillí	8
*Mairéad Ní Mhaonaigh (Beathaisnéis)	8
5 Phóstaer	7
4 Phictiúrcháirta	4

* le foilsíú ar ball



Le ceannach i siopaí leabhar nó le hordú uathu seo:
AN SIOPA LEABHAR (01) 478 3814 AN CEATHRÚ PÓILÍ (028) 90 322 811
www.cic.ie www.cuplafocal.ie www.litriocht.com



Buíochas

Eagarthóir:
Meta Uí Mháille

Fógraíocht:
Brídín Ní Chonceanainn
Anna Ní Fhlatharta
Meta Uí Mháille

Buíochas:

Tá an t-eagarthóir buíoch do na daoine seo a thug cúnamh leis an ábhar a bhailiú agus a réiteach chomh maith le píosaí a scríobh don iris:

An tSiúir Finnín Ní Chonceanainn
Gearóidín Níc Ghiolla Ruaidh
Gearóid Ó Fátharta
Donncha Ó hÉallaithe
Brian Tommy Khate Ó Mainín
Turlach de Blácam
Máire Pháidín Uí Mhaoilchiaráin
Finuala Ní Loinsigh Uí Fhátharta
Máirín Uí Chonghaile
Dr. Ciarán Ó Coigligh

Buíochas do:
Mhairéad Ní Chonaire a rinne an leagan amach shlachtmhar ar an iris,
Chaomhán Ó Scolaí a rinne an póstaer agus clár na féile,
Mhicheál Ó Braonáin agus foireann Chlóidóirí Lurgan,
Isadora Ní Loingsigh agus Europus.

Sí an t-eagarthóir atá freagrach as aon bhotún. Ní gá gur ionann tuairimí atá nochtaithe anseo agus tuairimí Phléaráca Teo.

Táimid fíor bhuíoch do na fógróirí. Is fiú tacaíocht a thabhairt dóibh.

Coiste Oibre na Féile:

Máirín Uí Chonghaile (Mhéime)
Geraldine McElroy
Mary Ann Uí Chonghaile
Brídín Ní Chonceanainn (S.Bhídi)
Treasa Uí Chonghaile (Seán Shiúnach)
Brídín Uí Chonceanainn (Stiofáin)
Caitlín Uí Fhátharta (S. Bheartlaí)
Philimeona Ní Fhátharta (S. Bheartlaí)
Máirtín Ó Fátharta (T. Mhoir)

& do Choiste Phléaráca Teo.
Ord Mhalta
Comharchumann Inis Meáin
Úinéirí Teach Synge
Leabharlann Inis Meáin
Óstán Inis Meáin
Coiste Halla Pobail Naomh Eoin
Cór an oileáin

Buíochas do mhúinteoirí & do dhaltáí S.N. Inis Meáin & Choláiste Naomh Eoin.

Buíochas do na daoine a thug pictúirí & a rinne obair dúinn:
Cathy Uí Chonghaile
Brídín Uí Chonceanainn (Stiofáin)
Máirín Uí Chonghaile (Méime)
Ruairí Ó Siocháin
Máirtín Ó Conghaile (P.Sheáin)
Philimeona Ní Fhátharta (S.Bheartlaí)
Matt Nolan
Anna Uí Chonghaile (Sheán Phaddy)
Seosamh Ó Conghaile (Shiúnach)
Máirtín Ó Fátharta (T. Mhoir)
Turlach de Blácam
Máirtín Ó Flatharta (S. Bhriain)
Máire Pháidín Uí Mhaoilchiaráin
Seán Ó Casathaigh
Réiteoir Máirtín Ó Fátharta
Risteard Mac Aodh

Micheál Ó Conceanainn (S.Bhídi), a bhailigh daoine agus stiuf ón eitleán & ón mbád.
Buíochas do Phobal Inis Meáin.

Buíochas do na ceoltóirí, bannaí ceoil, filí, teagascóirí, D.J., amhránaithe, damhsóirí, lucht ceardaíochta & físe, áisitheoirí, na fir & mná tí ar na h-imeachtaí.

Buíochas speisialta do Sonáí Choilm Learaí, Nóra & a gclann as corn a bhronnadh i gcomhar an chomórtais damhsa ar an sean-nós

Buíochas do Raidió na Gaeltachta as ucht a gcúnamh le poblíocht.

Buíochas do príomhurráithe na Féile: Údarás na Gaeltachta, Ealaín na Gaeltachta & Comhairle Contae na Gaillimhe.

Clár na hIrise

- 3 Eagarfhocal
- 5 John Millington Synge
An tSiúir Finnín Ní Chonceanainn
- 14 Inis Meáin - 4,000 Bliain ag Fás
Gearóidín Níc Ghiolla Ruaidh
- 18 Athrú
Gearóid Ó Fátharta
- 22 Clár na Féile
- 24 Imeachtaí na Féile
- 26 Tríocha Bliain den Údarás (1979 - 2009):
thar am é a leasú
Donncha Ó hÉallaithe
- 29 Cúrsaí Sláinte ar Inis Meáin
Finuala Ní Loinsigh Uí Fhátharta
- 30 Oisín i dTír na nÓg
Brian Tommy Khate Ó Mainín
- 32 Comharchumann Inis Meáin Teo.
- 33 Ó Láimh an tSaoir
- 35 Cnietáil Inis Meáin Teo.
- Scothfhaisean do mhargaí an domhain
Turlach de Blácam
- 37 Clár Imeachtaí Pléaráca Teo.
- 41 Máire Pháidín Uí Mhaoilchiaráin
- 47 An Bhrídeog
Máirín Uí Chonghaile
- 48 Dánta
ó Dr. Ciarán Ó Coigligh
- 48 Inis 'Iron' Meáin

An Clúdach:

Pic: Brídín Ní Chonceanainn
Ó Chlé: Nóra Mháirtín Óg (Pósta), Cuan na Luinge, Béal an Daingin, Seán Mhichael Ó Flatharta, Seán Óg Ó Conghaile, Dara Sheáin Pheadaí Ó Meachair, Micil Mháirtín Óg Ó Conghaile, Máirtín Ciarán Ó Maoilchiaráin & Máirín Ciarán Ó Maoilchiaráin



Údarás na Gaeltachta



CAOL DÍREACH...

go ceann scríbe!

gaeilge.ie

THE IRISH
LANGUAGE
SUPERHIGHWAY

An Ghaeilge
The Irish Language

Foghlaim
Learning

Úsáid
Using

Eolair
Directory

Foras na Gaeilge
Foras na Gaeilge

Ní gá dul amú a thuilleadh. Tá bealach glan romhat. Pé eolas atá uait faoin nGaeilge agus a mbaineann léi, éascóidh www.gaeilge.ie do thuras.

Féach go speisialta inneall fógraíochta NASC, áit gur féidir leat:

- cúrsaí/imeachtaí a thógairt nó a iarraidh,
- do shainpéis a chlárú (chun nod a fháil nuair a bhíonn eolas nua faoi ar an sulomh), nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuartú.

Tabhair cuairt agus glac páirt sa Chibear-ghaeltacht inniu!

No roundabouts here. Let the information superhighway take you where you want to go with the Irish language. Just log on to www.gaeilge.ie for the quickest route to the information you need.

Check out the NASC classified ads where you can:

- post an ad to request or advertise a course/event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood. And much more.

It's never been easier to connect with the Cyber-gaeltacht!

gaeilge.ie

do nasc leis an teanga

your link to the language

 Foras na Gaeilge

T: 1850 325 325 / 0845 309 8142 (T.É.) E: colas@forasnagaeilge.ie

Tá súil agam anois agus an tíogar ceilteach imithe agus an pota óir a chuir an dallamullóg orainn ar fad, follamh, go mbeidh deis againn filleadh ar an saol deas suaimhneach a bhí againn roimhe.

Go dtí sin ba linn féin a raibh againn. B'fhéidir nach mórán é sin, ach ba é an cleachtadh a bhí againn maireachtáil taobh istigh de na hacmhainní a bhí againn. Bhí muid in ann codladh go suaimhneach. Sin rud nach bhfuil go leor in ann a dhéanamh na laethanta seo de bharr morgáistí agus iasachtaí airgid a bhronn bainceanna ar an tuiscint mar a dúirt an Rialtas go minic nach raibh baol ar an tír dul ar ais go dtí na droch laethanta arís.

Cé go bhfuil cuid mhaith ceantair tuaithe go mór mór na Pobail Ghaeltachta is fuide siar i gConamara, nach bhfaca dé ná deatach ar an tíogar ceilteach. Ní raibh na ceantair seo ar an mapa chor ar bith nuair a bhí airgead dhá ligean le gaoth, ach b'fhéidir go bhfuil an cultúr agus an teanga chomh maith as inniu, nó an bhfuil?

Mar sin féin, lena bhfuil de chaint faoin nGaeltacht agus faoin nGaeilge a chaomhnú, agus an deis iontach a bhí ann le deich mbliana nach raibh ann cheana ariamh, ní h-iaid na ceantair seo a fuair tús áite. Cuireadh ar an méir fhada iad arís eile agus anois sé an port céanna arís é - níl aon airgead ann. Vótaí agus airgead a thugann tús áite do na ceantair a roghnófar nuair a thagann sé go dtí fostaíocht agus forbairt agus ní teanga ná cultúr.

Ach tá pleananna móra don todhchaí bóthar nua as Gaillimh go Scríb. Is gearr anois go gcloisfidh muid arís agus na toghcháin áitiúil ag teacht aníos, faoi Ionad an Phiarsaigh i Rosmuc. Tuismitheoirí atá ag tógáil clainne sa bpobal inniu, ní raibh siad ach ag cur na bhfiacra nuair a tosaíodh ag caint ar Ionad an Phiarsaigh ar dtús. Níl aon toghchán áitiúil ná Náisiúnta le mo chuimhne nach é Ionad an Phiarsaigh a bhí i gceist ag polaiteoirí ag doirse anseo i Rosmuc agus beidh an uair seo freisin. Tá chuile sheans go mbeidh an míleáiste céanna dhá bhaint as an mbóthar nua as Gaillimh le linn

toghcháin sna blianta amach romhainn. Seift é seo le aird a tharraingt ó na rudaí práinneacha a theastaíonn a dhéanamh go géar. Tá droch-chaoi ar na bóithre, go mór mór bóithre bailte, gan trácht ar chúrsaí uisce reatha. Tá córas bandaleathan ag teastáil go géar má tá sé i gceist iarracht ar bith obair a mhealladh go dtí na ceantair seo, gan caint ar sheirbhísí eile atá riachtanach do mhuintir an phobal nach féidir a fheabhsú ná a chur ar fáil ceall ionaid cheart.

An ghéarchéim eacnamaíochta an scéal is mó sa tír faoi láthair. Sé leithscéal an Rialtais go bhfuil sé amhlaidh ar fud an domhain, agus tá, ach ní aon tír eile is cúis leis an gcaimiléireacht a bhí ar siúl sa tír seo. Caimiléireacht a rinne saibhreas aisteach do lucht forbartha agus do bhaincírí le beannacht an Rialtais. Caimiléireacht a bhfuil muid ar fad ag íoc as anois, go mór mór teaghlaigh óga a bhfuil morgáistí móra acu, agus nach bhfuil a fhios acu anois cén chaoi nó cé as a dtiocfaidh an tairgead lena n-íoc agus an chaoi atá ar chúrsaí fostaíochta. Ár ndóigh níl an imirce mar leigheas ar an scéal an uair seo. Is iomaí duine a bheadh sásta dhá mbeadh faraor, cé gur cheap muid go raibh deireadh go deo leis an imirce.

An díomá is mó ná, nach raibh duine ar bith sa Rialtas a bhí sách macánta, ná de dhílseacht iontu ó thaobh leas na tíre, labhairt suas agus a rá nach raibh siad sásta a bheith i Rialtas a bhí dá rith ag baincírí, forbróirí agus polaiteoirí santach a bhí ag scriosadh na tíre. Cén chaoi a mbeadh muinín ag aon duine sa tír sa Rialtas ná i bpolaiteoirí feasta.

Bhí sé ráite riamh nach é an dlí céanna atá ann don duine saibhir agus don gnáthdhuine. Mar shampla, cuirfead bean i bpríosún mar gheall ar a bheith ag cosaint maoin na tíre agus cearta pobail, agus ar an taobh eile tá an dream a bhfuil an tír bánaigh acu saor. Is dearg mhagadh é seo faoi gnáthmhuintir na tíre. Tá an Rialtas ag rá go bhfuil siad ag déileáil leo ach ní chreideann duine ar bith go gcaithfidh aon duine acu seo tamall i bpríosún, is beag an baol.

Eagarfhocal

T. Ó Máille Teo

Ros Muc 091-574101

Grósaer, Crua-earraí,

Soláthraí Tógálaithe

Éadathóireacht



Gach rath ar
obair Phléaráca ar feadh na bliana

Bank of Ireland



CALOR GAS

post



An tSiúir Finnín Ní Chonceanainn

John Millington Synge

leis an tSiúir Finnín Ní
Chonceanainn

Teach Mhuintir Mhic Dhonnchadha

Tá an teach seo ós cionn trí chéad bliain d'aois seachas píosa a cuireadh as tús an chéid.

Tá cáil ar an teach anois mar gur ann a d'fhanadh an dramadóir agus an scríbhneoir John Millington Synge. Bhíodh sé ar saoire sa teach seo le muintir Mhic Dhonnchadha, Bríd agus Páidín ó 1898 – 1903.

Teach Synge a thugtar ar an teach seo anois. Ollscoil na Gaeilge a bhíodh mar ainm air uair amháin. Bunaíodh brainse de Chonradh na Gaeilge ann ag tús an chéid. Is ann a bhí Oifig an Phoist go dtí mí na Bealtaine 1939. Bhí muintir Uí Fhátharta ann go dtí 1977 agus ansin bhí sé fágtha folamh ar feadh blianta ach déanamh athchoiriú air roinnt blianta ó shoin agus tá sé oscailte anois don phobal.



Pic: Máirín Uí Chonghaille

Tí Mhic Dhonnchadha - Teach Synge

Chuir Seán Céitinn muintir na nOileán ós comhair an domhain ealaíne, agus tugann an scannán "Man of Aran" (1933-34) léargas réalaíoch ar shaol na n-oileán mar a bhí sé caoga bliain roimhe sin. Chuir John Millington Synge na hoileáin os comhair an tsaoil liteartha.

Ceaptar nach raibh Gaeilge ag Synge ach chuala mé fear ag rá gur chuimhin leis go raibh sé in ann caint i nGaeilge leis na daoine. (1)

Tá daoine den tuairim gur duine nach mbíodh fonn air caidreamh a bheith aige le muintir an oileáin a bhí ann ach níl sé sin fíor mar an leaid óg a bhíodh ag dul thart go minic in éindí leis, dúirt sé go mbíodh trua ag Synge do na daoine mar gheall ar chomh cruá is a bhídis ag obair agus gan acu ach ón lámh go dtí an béal. (2)

Rud eile a bhíodh ag cur as dó ná go ndóidís an fheamainn ró-mhór le haghaidh ceilpe mar go mbíodh an iaidín dóite aisti agus nárbh fhiú mórán í á bharr. (3)

Ina leabhar "The Aran Islands" déanann sé tagairt don leanbh – mac iníne le bean an tí ('bean mhaith ghreannmhar. Bhí sí in ann dinnéar a dhéanamh chomh maith le hotel ar bith. Mharaíodh sí cearc agus d'fheannadh sí coinín') agus ba é Synge a mhúin cleasa beaga na hóige dó cosúil le "coinín" a dhéanamh ar an mballa aol-daite nuair a bhíodh solas an lampa ag soiliú air san oíche. Nuair a scríobhadh Máirtín Dannach Mac Donnchadha chuige deireadh sé leis "little small Michael is able to do the rabbit". (4)

Thagadh Synge go hInis Meáin gach Samhradh ó 1898 – 1902. Bhí Synge ar an oileán mar chuirfí fear geal amach i measc na bhfear Gorm san Aifric. Dá mbeadh sé go deas leo, bheadh meas acu air. (5)

Ba in Inis Meáin a fuair Synge ionspioráid le haghaidh téama an dráma "Chun na Farraige Síos". Seo é cúlra an dráma. Tháinig beirt fhear as Inis Oírr anoir go hInis Meáin ag ceannach dhá bhromach. Ní fhéadfaí iad a tharraingt soir i

Ar oscailt
chuile lá

Fón: 091-553343
www.spailpin.com

Buail isteach chuig siopa

AN SPAILPÍN FÁNACH

Ceardlann an Spidéil

T-Léinte
Hoodies
Leabhair
Ceol
Féiríní do
pháistí

Cailíní Dána Chonamara

Níl ann ach tamall beag de bhlianta ó shin ó d'fhógair Teachta Dála áirithe gur cheart cosc iomlán a chur ar a dhíol geansaithe cochaill, nó "Hoodies" mar is fearr aithne orthu. Ball éadaigh fíor-phraicticiúil é an cochall, go speisialta leis an aimsir a bhíonn againne anseo in Éirinn, agus san iarthar ach go háirithe, iad breá te agus teolaí... agus is féidir dul i bhfolach an-éasca iontu. Ar ndóigh sin é an fáth a dtug Michael Noonan suntas dóibh... áis don choiriúlacht.

Chuile áit a chasann tú na laethanta seo tá cailíní dána. Ag siúl bóithrínn Chonamara ina dtréada... Hoodies, Hoodies, Hoodies. "Cailín Dána", "Buachaill Dána", leaids agus cailíní "Déanta in Éirinn". Tá lucht báid agus "Húicéirí na Gaillimhe" á gcaitheamh, lucht pórtair agus lipéad Guinness i nGaeilge acu, ceoltóirí óga agus "Ceol agus Craic" acu. B'fhacthas na hoodies seo ar dtús sa gceantar nuair a fuair na féilte báid, geansaithe cochaill lena gcuid suaitheantais féin orthu (Tá corr gheansaí a déanadh breis agus deich mbliain ó shin do Fhéile Chuigéil fós ag cicéail thart), ach déanadh do go leor féilte eile iad ó shin.

Deir muintir An Spailpín Fánach, a chuireann formhór na gcochall seo ar fáil, gurb iad lucht na gcoláistí samhraidh a chuir tús leis an bhfaisean mór seo sa gceantar. I dtosach b'iad na scoláirí amháin a bhí ina gcaillíní agus ina mbuachaillí dána ach anois tá an faisean scaipthe go tréan i measc dream óg na háite. Agus cén fáth nach mbeadh? Tá na cochaill seo tarraingteach, faiseanta, ioldaite, agus ar ndóigh, praicticiúil.

Bíonn daoine i gcónaí ag faire céard é an stíl agus an dearadh is déanaí atá ag teacht ar an margadh, dar le Hedi, atá ina bainisteoir siopa sa Spailpín Fánach. Agus céard é an ceann is mó tóir faoi láthair? Le tamall anuas bhí go leor daoine ag iarraidh an dearadh "Dána ach Deas". Tá baint nach beag aige sin le "Pirates of the Caribbean". Tá dearadh úrnua againn anois "Tabhair dom an Cáca Milis", bunaithe ar fhógra teilifíse Carlsberg. Stíl nua gheansaí é seo, an-fhaiseanta agus feictear dúinne go bhfuil sé go hálainn, agus iontach tráthúil. Tá muid ag smaoineamh ar dhearadh eile bunaithe ar rap Des Bishop, "Léim Thart". Tá réimse mór geansaithe cohall ag An Spailpín Fánach a fheileann do ghasúir agus daoine fásta, agus tá toisí suas go XXL acu.

Bíonn siopa An Spailpín Fánach ar oscailt i gCeardlann an Spidéil seacht lá na seachtaine agus tá na geansaithe seo uilig agus neart earraí eile ar fáil ar an idirlíon freisin ag www.spailpin.com

Bí sa bhfaisean! Caith cochall ón Spailpín Fánach



ndiaidh na curáí agus nuair a tháinig bád móna as Conamara go gairid ina dhiaidh sin, cinneadh na bromaigh a chuir soir inti. Díluchtaíodh an mhóin ag an oileán dubh agus chuaigh an bád ar ancaire amach ó Thrá Leitreach.

Nuair a bhí na bromaigh ar bord, chuaigh foireann na curáí isteach sa mbád le dul soir go hInis Oírr cés móite d'fhear amháin a d'fhan sa gcurach chun í a cheangal de dheireadh an bháid chun iad a thabhairt anoir as Inis Oírr nuair a bheadh na bromaigh i dtír acu. (6)

An fhad is a bhí seisean ag ceangal na curáí, bhí bádóirí Chonamara ag ardú na seolta. Nuair a crochadh an seol mór ar an mbád tháinig liosta uirthi agus d'iompaigh an curach agus caitheadh Séamus Sheáin i bhfarraige. Bhí an bád faoi lánseol ag an am agus nuair a caitheadh téad chuige tar éis di casadh, bhí sé ag dul faoin uisce agus báthadh é. Le linn an ama sin chuaigh an scéal thart go bhfacthas fear a bhí marbh le blianta ag marcaíocht ar bhromach ag dul suas an trá. (7)

"Trí seachtaine ina dhiaidh sin, tháinig corp i dtír i gCeann Gainimh. A uncail, mac a dheirféara a fuair an corp. Chuaigh an t-uncail abhaile agus thug sé anuas éadach, comhla agus dréimire. Chuaigh gach uile dhuine síos ar an trá. Scrúdódh an mháthair an croí ba craíte agus an té nach raibh gaol ná páirt aige leis, bhog na deora faoi na shúile. Ní raibh an t-sábháil ina chionn". (8)

Ar an taobh thiar den oileán ar bharr aille ag amharc soir amach ar an Sunda Theas agus Ceann Cailligh agus Sunda Ghriogóra siar idir Inis Meáin agus Inismór, tá cárnán cloch ar a dtugtar Cathaoir Synge. "An Dún Beag" a thugtaí air roimhe seo. Tá sé sa seanchas gur anseo a chaitheadh sé a chuid ama agus é ag scríobh ach dúradh liom nach raibh sé sin fíor mar gur thuas ar Dhún Chonchúir a bhíodh sé go mór mór le linn Aifrinn. De réir daoine eile ba ag Leaba Mhic na

gCuan a bhíodh sé. (9) Nuair a cuireadh an dráma "Playboy of the Western World" ar stáitse in Amharclann na Mainistreachden chéad uair, b'éigean fios a chur ar phóilíní (26/01/1907). Caitheadh uibheacha, fataí agus fiú slis de cháca milis leis na hAisteoirí. Tógadh raic, a lean ar aghaidh fiú amháin nuair a thug Compántas na Mainistreach an dráma go Meiriceá. 1911 - 1912. Cúpla focal sa dráma a tharraing an t-achrann - "shift" agus "Moody fools".

Cérbh é an "Buachaill Báire" a tharraing an oiread sin aird ar féin? Rugadh é i gCaladh, chúig mhíle siar ó Chloch na Rón. Ar an "Galway Express," 12 Eanáir, 1873, bhí cur síos ar an gcuartú mór a bhí á dhéanamh ag na póilíní ar Liam Ó Máille, de bhrí gur mharaigh sé a athair le buille do láí. (Bhí Synge bliain go leith d'aois ag an am. Rugadh an "Playboy" timpeall na

*Deirtear go ndúirt an
"Buachaill Báire" lena
leas-mháthair
"A chailleach, tá sé sínte
agat anois". Moladh dó
teitheadh as an áit agus
thug sé de na boinn é.*

bliana 1838. Rugadh Peait Ó Fátharta (Máirín) i mBaile an Teampaill in 1851. Dúirt seisean ar an 9/931 gur le na linn fhéin a tháinig an "Playboy" go hInis Meáin. Nuair a chuaigh an tOllamh Tomás Ó Máille go hInis Meáin ag fiosrú an scéil sa bhliain 1908, dúirt sé gur chuimhin le bean amháin an stócach óg a bhí ar a theitheadh de bhrí gur mharaigh sé a athair i gceantar Bhaile Uí Chonaíle.

Bhí tuairim eile ag Dara Mháirín Ó Conghaile - fear a rugadh agus a tógadh in Inis Meáin agus a raibh saibhreas mór de sheanchas agus de scéalta aige, a chuala sé ón sean-dream. Fuair Dara bás, Luan Cásca na bliana 1984, go ndéana Dia trócaire ar a anam. Dúirt seisean go

gcloiseadh sé ag an sean-dream agus é ag éirí suas, gur ar an Turlach i Rosmuc a rugadh é agus gurbh é a an sloinne a bhí air ná Ó Máille. (Tharla an eachtra seo cúig bhliana is fiche sul a dtáinig Synge go hInis Meáin.)

Ní mórán de mhaoín an tsaoil a bhí ag a mhuintir, ach pé méid a bhí acu, nó nach raibh, d'óladh an t-athair é. Ní hionadh ar bith go raibh sé beo bocht á bharr. B'éigean don "Bhuachaill Báire" an baile a fhágáil nuair a bhí sé ina stócach agus chuaigh sé isteach sa gCabhlach. Chuireadh sé an t-airgead a shaothraíodh sé abhaile chuig a athair. Cheannaigh seisean gabhálas talún leis an airgead agus bhí sé socraithe go mbeadh an talamh sin ag an mac nuair a thiocfadh sé abhaile.

Phós an fear óg agus thug sé suas an mhairnéalach agus tháinig sé abhaile. Cailleadh a mháthair go luath ina dhiaidh sin agus nuair a bhí sí bliain cailte, phós an t-athair arís. Níor réitigh an leas-mháthair leis an bhfear óg agus bhíodh achrann sa teach go minic. Lá amháin bhí an t-athair agus an mac ag baint fhataí sa ngarraí. Bhí braon ólta ag an athair. D'iarr an mac ar an athair cead a thabhairt dó garraí fataí a chur dó féin agus dá bhean. Ní raibh an t-athair sásta. Bhuaill taghd an mac agus ní dhearna sé ach buille den láí a thabhairt dá athair. Thit an t-athair marbh. Deirtear go ndúirt an "Buachaill Báire" lena leas-mháthair "A chailleach, tá sé sínte agat anois" Moladh dó teitheadh as an áit agus thug sé de na boinn é. (10).

Chaith sé ráithe ag fuaidreamh ar fud Chonamara agus na Póilíní sa tóir air. Chuaigh sé tríd a lán gábha, ag siúl sléibhte agus portaigh d'óiche agus de ló agus go minic a b'éigean dó snámh trasna locha chun a chraiceann a thabhairt slán. Rinne sé a bhealach go hOileán Gharumna agus é sáraithe amach. Ní raibh bróig ar a chois ná falach éadaigh ar a dhroim nach raibh stróicthe. As sin, fuair sé bád go



Pic: Máirtín S. Bhriain

Dún Chonchubhair, Inis Meáin

h-Árainn. Bhí bean muintearach dó pósta ag fear de mhuintir Iarnáin i gCill Rónáin. "Máilleach" ab ea í seo. Bhí sise go maith dó. Chomh maith leis sin bhí muintir na háite go deas leis agus agus nuair a cheap siad go raibh sé ag éirí aisteach, tháinig inní orthu. Bhíodh céilithe acu go minic lena chroí a thógáil agus níor sceith aon duine acu air. Sin é an rud a bhí i gceist ag Synge nuair a scríobh sé go mbíodh na daoine ag tabhairt bronntanas dó as ucht gur mharaigh sé a athair.

(Seo insint eile ar an scéal. Isteach i mbád Sheáin Bia a tháinig sé as Conamara. Nuair a shroich an bád Cill Rónáin bhí inní ar Sheáin Bia agus dúirt sé leis na fir a bhí ar an gcéibh, "Níl aon cheo a'dul amach as an mbád seo anocht". Chuaigh na fir abhaile ach i rith na hoíche thug sé an Playboy go hInis Meáin.) Tar éis tamaill, tháinig na Póilíní go hÁrainn sa tóir air. Shocraigh a dhuine muinteartha é a chur go hInis Meáin i ngan fhios dóibh. Bhí bád ("The Fancy of Aran") ag fear arbh ainm dó Seán Ó Biataigh nó Seán Bia mar a thugtaí air. B'as

Cinn a'Bhaile in Inis Meáin dósan ach d'oi sé ní bhfearr dó cur faoi i gCill Rónáin mar gheall go raibh sé níos oiriúnaí ann don bhád. Thugadh an bád lasta agus na litreacha as Conamara go dtí na hoileáin. hIarradh ar Sheán Bia an "Buachaill Báire", a thabhairt go hInis Meáin, chuaigh gaolta leis a raibh cónaí orthu ar Bhaile na Seoigeach - B'iad seo clann Mhicilín Mháire. Bhíodar seo gaolmhar le Brian Mór agus leis an gCaiptín Seoigeach - an bheirt as Conamara a cheannaigh an talamh nuair a chuir an Tiarna Talún suas ar cheant é.

Tráthnóna bóg báistí faoin Nollaig, tháinig Seán Bia isteach go Cill Rónáin. Chuir sé amach mála an Phoist agus dúirt sé nach gcuirfeadh sé amach an lasta go dtí lá arna'mhárach. Chuir sé comhla ar an Deic agus bhuail sé bóthar abhaile. Nuair a bhí an oíche tití go maith, cuireadh an "Buachaill Báire" ar bord an bháid agus soir le Seán Bia go hInis Meáin leis. Chuir sé i dtír ag Béal na bPoll é agus thug sé aghaidh arís siar go Cill Rónáin.

hInisíodh dó cá dtiocfadh sé. Dúradh leis déanamh ar Dhún Chonchúir agus dul chuig an teach a bhí ag bhun an Dúin. Ba é an teach a bhí i gceist ná tí Mhicilín Mháire.

Ba iníon leosan - Máire Phádraic, an chéad duine a chonaic an "Buachaill Báire" sa Dún ar maidin. Chonaic athair Peait Bhriainín Ó Conghaile é i nGleann an Dúin. Bhí an Dún sroichte aige roimh maidhneachan lae. Bhí an bhean seo thuas ar an gcnoc, áit a bhfuil tí Mhicilín Uí Chonghaile anois. Thug sí síos chuig an teach é. Cuireadh síos pota fataí mar ag an am, ní raibh trácht ar tae, agus sula raibh na fataí bruite bhí an "Buachaill Báire" tití ina chodhladh. Chaith sé cúpla mí sa teach seo ag déanamh obair an Earraigh. Tháinig an tóir air agus chuaigh sé síos tí Sheáinín ar Bhaile na Creige.

Baintreach a bhí i Seáinín ag an am agus bhí beirt ghasúr aige - cailín agus buachaill. Bhí a bhean Máire Sheáin an Ghaiscigh tar éis bháis agus ní raibh éinne sa teach in éindí

leis. (Tá fothrach an tí le feiceáil fós). An fhad a bhí sé tí Mhicilín Mháire, níor chodail sé aon oíche sa teach. Bhí faitíos air go dtiocfadh na Póilíní air i ngan fhios. Is amhlaidh a chodhlaíodh sé i bpoll atá i mballa thiar an Dúin. Fuair na Póilíní amach arís go raibh sé in Inis Meáin agus tháinig siad sa tóir air. Dúirt m'athair liom go ndeachaigh siad suas sa Dún agus madraí acu. Bhí na madraí ag smúrthacht thart ar an bpoll ina raibh sé ach níor thug na póilíní aon aird orthu. "RABBIT" a dúirt duine amháin acu agus d'imigh siad leo mar a tháinig siad. Chuala Westropp (Lún 1878) faoin "Playboy" agus dúirt seisean gur chaith an Máilleach dhá mhí i bhfolach sa Dún. (11).

Ar aon chaoi tháinig sé nuair a bhí Seáinín ina bhaintreach. Phós seisean an dara huair in 1872 agus rugadh Sadhb a chéad pháiste leis an dara bean in 1873. Dá bhrí sin is cinnte gur roimh 1872 a tháinig sé. Bhí sé ráite gur rugadh J.M. Synge an bhliain ar tháinig an Playboy go hInis Meáin, sin 1870 agus chuala mé go raibh "Widow Quinn" san oileán ag an am.

Maidin shamhraidh tháinig siad arís. Ag an am seo, bhí sé ina chonaí Tí Sheáinín. Bhí Seáinín ina codladh ar Bhaile na Creige agus nuair a chuala sé cnag ar an doras d'éirigh sé aniar agus dhúisigh sé an "Buachaill Báire". Baintreach a bhí i Seáinín ag an am. Chodail sé féin agus an Playboy sa leaba chéanna. Sé an fáth a ndeachaigh sé síos go Baile na Creige ná go raibh comhluadar mór tí Mhicilín Mháire. Nuair a chuaigh sé siar sa seomra chun é féin a ghléasadh bhí a chuid éadaí ar an Máilleach. Aniar leis an Máilleach as an seomra agus shuigh sé sa gclúid.

Thosaigh sé ag cur air a chuid stocaí. Rith Seáinín amach agus é gléasta in éadaí an Mháilligh. Siúd leis na Póilíní ina dhiaidh. D'imigh an Garda den doras. Nuair a fuair an Máilleach an seans léim sé ón gclúid go dtí an doras. Thug sé gualainn don Phóilín a bhí taobh

amuigh den doras agus leag sé ar shlat a dhroma é. Bhí seachtar eile taobh amuigh ar an tsráid agus nuair a tháinig siad chucu féin tar éis an gheit a baineadh astu, siúd ina dhiaidh iad. Shéid duine acu feadóg chun fógra a thabhairt do na Póilíní a bhí thiar i gCinn an Bhaile. Ba togha coisí duine acu seo ach ní raibh aon ghoir aige ar an "mBuachaill Báire". Siar i dtreo Thrárt Teach a chuaigh sé agus é sna boinn. Chuir sé as dó nach raibh aon bhróga air mar bhí a chuid stocaí ag dul i bhfastó sna storáin ar an mbealach siar tríd na Creaga. Ag Créig na Tuí d'ísligh sé anuas Aill Thár Teach (Creig na Laoi) agus d'iompaigh sé siar. Cheap na Póilíní gur soir a chuaigh sé, mar dár leo nach raibh ach an fharraige taobh thiar. Bhí na héin ag cuachaíl.

Cheap sé gurbh iad na gardaí iad. Leis an dorchadas, d'ardaigh an Máilleach aníos, tar éis trí lá, suas Aill an Fhéir. Bhí Peigín ag dul siar le beatha aige mar chonaic sí ag teacht aniar é. Nuair a fuair sé na Póilíní glanta as an oileán, chuaigh sé ar ais Tí Sheáinín ach bhí fhios aige go gcaithfeadh sé bóthar a bhualadh arís. Cuireadh ar bhád

seoil é a bhí ag dul amach agus bhí Seán Shúinac Ó Conghaile agus Seáinín sa gcurach ar an bhfoireann i Sunda Ghriogóra. Thug Seáinín hata nua dó a bhí aige féin. Cuireadh ar bord é agus d'éalaigh sé. (12).

Chonaic curach as Cill Éinne é agus d'inis an foireann do na Póilíní é. Ní raibh sé ach amuigh sa mbád nuair a tháinig na gardaí arís, ach d'éalaigh sé. Deireadh Bidín Uí Dhonncha go bhfaca sí féin é blianta ina dhiaidh sin agus é ar shlí na fírinne. Seo mar a scríobh Synge faoi an chaoi ar chuala sé scéal an "Playboy":-

"He often told me about a Connaught man who killed his father with the spade when he was in passion and then fled to this island and threw himself on the mercy of some of the natives with whom he was said to be related. They hid him in a hole - which the old man has shown me - and kept him safe for weeks, though the police came and searched for him and he could hear their boots grinding on the stones over his head. In spite of a reward which was offered the island was incorruptible and after much trouble the man was safely shipped to America."(13)



ESSEO SWEENEY OIL

Ola teas lárnach
Díosal & bealadh innealra feirme

Order your home heating oil,
agricultural diesel, Castrol
lubricants and Titan tanks today.

Ola Sweeney

Tel: 091 567973
Freephone: 1800 200 308
SweeneyOil.com



ESSEO SWEENEY OIL



TAIBHDHEARC NA GAILLIMHE

AMARCLANN NAISIÚNTA NA GAELIGE

An tSráid Láir, Gaillimh

Guthán: (091) 562024/563600

R-phost: eolas@taibhdhearc.com

Faics: (091) 563195

Suíomh Idirlíon: www.antaibhdhearc.com

Gach rath ar Phléaráca Chonamara 2009

GLÓR

Le Ceoltóirí na Taibhdheirce

3 – 6 Meitheamh 2009 ag 8.00pm

Séipéal San Nioclás, Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.

Ceol Cláirsí Traidisiúnta, Seoda ón Opera agus Ceol Clasaiceach Gaelach faoi stiúir Tom Cullivan & Micheál Ó hAinnín

Cripil Inis Meáin

le Martin McDonagh

aistrithe ag Micheál Ó Conghaile

Seanscoil Sailearna, Indreabhán

Le linn Féile Ealaíona na Gaillimhe (13-26 Iúil 2009)

Forbairt Pobal Teanga Cultúr



Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
/ Co. Galway
Teil:/Tel: (091) 503100
Facs:/Fax: (091) 503101

Baile Mhic Íre,
Maigh Chromtha,
Co. Chorcaí
/ Co. Cork
Teil:/Tel: (026) 45366
Facs:/Fax: (026) 45423

Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair
Doirí Beaga
Co. Dhún na nGall
/ Co. Donegal
Teil:/Tel: (074) 9560100
Facs:/Fax: (074) 9560101

Páirc Ghnó an Daingin
An Daingean,
Co. Chiarraí / Co. Kerry
Teil:/Tel: (066) 9150100
Facs:/Fax: (066) 9150101

An Áislann,
Béal an Mhuirthead,
Co. Mhaigh Eo / Co. Mayo
Teil:/Tel: (097) 81418
Facs:/Fax: (097) 82179

e: eolas@udaras.ie

w: www.udaras.ie



Údarás na Gaeltachta

An tSiúir Finnín Ní Chonceanainn

Seo mar a labhair sean-fhear le Arthur Symons faoi in 1896:-

If any gentleman has committed a crime, we'll hide. There was a man killed his father, and he came over here, and we hid him for four months, and he got away safe to America". (14)

Ba chuimhin le Mike Coyne, a rugadh i 1893, agus a fuair bás i 1981, Synge ag taispeáint pictiúir dóibh de theach a sheanathair i gCill Mhantáin. Ba chuimhin leis na póilíní agus an díshealbhú ar labhair Synge faoi. D'íoc an Dr. Ó Catháin an cíos.

Tá cuntas Bheachla an Iascaire sa gCoimisiúin Béaloideasa ar aon dul leis an rud a d'inis Dara Mháirín, Seán Bheachlaín agus Peait Bhriannín dom ach amháin go ndeireann Beachla go ndeachaigh sé amach go dtí an Taracáin agus gur ardaigh sé aníos Poll Mháire Báine. (15)

Níor scríobh sé ag aon duine riamh san oileán ag glacadh buíochas leo as ucht chomh maith is a bhí siad dó. Bhí an scéal ag dul thart go bhfachtas i nGaillimh é blianta ina dhiaidh sin. Labhair an té a chonaic é leis, ach níor lig sé ar féin an é an "Buachaill Báire" é. Ag obair ar bord loinge a bhí sé. (16)

Bhí scéal an "Playboy" beo i gcuimhne na ndaoine nuair a thug Synge a chéad chuairt ar Inis Meáin in 1898. An teach ar fhan sé ann ar dtús - Tí Mhicilín Mháire, bhí na rataí air oíche na Gaoithe Móire, (5-1-1839). Micilín Mháire a chuir air iad agus a thóg an teach sul ar phós sé de réir an tseanchais ba í a iníon an chéad duine a chonaic é agus bhí sise ina cailín óg ag an am. Ceaptar gur in 1870 a tháinig sé go hInis Meáin. Dúirt an Sean-Ollamh Tomás Ó Máille gur timpeall 1838, a rugadh an "Playboy".

Bhí uncail le J.M. Synge, An tUrr. A.H. Synge ina Shéilplíneach i gCill Ronáin ag freastal ar chúig dhuine is fiche Protastúnach, am a raibh trí mhíle, trí chéad tríocha is a trí Caitliceach sna trí hoileán.

Tugann a chuid litreacha léargas dúinn ar shaol na ndaoine sna blianta díreach tar éis an Ghorta Mhóir. Seo mar a scríobh sé i litir dár dáta 17/7/1851. "Here I am, Lord of all I survey – surrounded by dirt and ignorance." Ní raibh spéis aige i seandálaíocht an oileáin. Bhí droc-mheas aige ar fheisteas na ndaoine. Ní shin é an dearcadh a bhí ag nia J.M. Synge ar mhuintir Inis Meáin. Chuir seisean spéis san seandálaíocht. Níor mhaslaigh sé na daoine. Thugadh sé aghaidh suas go Leaba Mhic na gCuan ar bharr an Chnoic Bhig, nuair a bhíodh an breosla coitianta – an bualtrach, á dhó agus an deatach a bhíodh uaidh ag cur as dó, ach ní bhfuair sé locht orthu á bharr. Bhíodh imní air faoi shláinte na ndaoine. Ní galamaisíocht a bhíodh aige nuair a théadh sé siar sa seomra sa teach lóistín ar thóir príobháideachais nuair a bhíodh an buidéal poitín á chur thart timpeall an teaghlaigh agus in ainneoin míchompoirdtí fisiciúil follasach ar ócáidí, fuair sé, mar sin féin, saibheas iontach i gcistineacha na n-Árannach.

1. Ó Conghaile, Peait Sh a fuair bás in aois 91 bliain a thug an t-eolas seo dom.
2. Mac Donnacha, Máirtín Dannach

3. Uí Fhátharta, Máire, Baile an Dúna a thug an t-eolas dom.

4. Ibid

5. Ó Conch. Micil R a thug an t-eolas dom

6. Peadar Sh. Ph. Ó Meachair, Éamonn Ó Briain, agus Seán Choilm Mac Donncha a bhí sa mbád. Séamus Sheáin Ó Conghaile an fear a báthadh

7. Ó Conch. Micil R a thug an t-eolas dom

8. Ó Flatharta, B. C.B. Iml. 79,737

9. Ó Conch. Micil R agus Ó Conghaile, Dara B.M.

10. Mac Anna, Tomás, Synge and the first Abbey Row, The Irish Times, Jan. 25 1987

11. Westropp, J. Notes on Connaught and Clare 1885, T.C.D.M. 973

12. Peait S. Ch. Mac Donnacha a thug an t-eolas seo dom

13. Synge, J.M. The Aran Is. 50

14. Cities and Sea-Coasts and Islands 1897, Luaite ag Ó hÉithir, "An Aran Reader". 89

15. Ó Flatharta, B. C.B. Iml. 79,737

16. Ó Flatharta, S. Bh.

17. Litreacha a scríobh an t-urr. Hamilton Synge Meith. 1851-Noll. 1852



"Troscán do ardchaighdeán ar phraghas maith"



Tabhair cuairt orainn

Oscailte Luan – Satharn ón 11 r.n.

Príomh Shráid, Uachtar Ard, Gaillimh 087 2803563/087 6839489

pic ó: Anna S.J. Phaddy



Ó Chlé: Colm Tom Mhóir Ó Fátharta & Dara Bán Ó Conghaile

pic ó: Máirtín Tom Mhóir Ó Fátharta

pic ó: Mary Ruane



Gráinne Ní Chonghaile & Sean Mamó Sibéal Ciarán Uí Fhátharta



Peadar Ó Conghaile

pic ó: Máirtín Phat Sheáin Ó Conghaile

Ó Chlé: Miclín Dara Ó Conghaile, Colmín Ó Fátharta (T. Mhóir), Pádraig Ó Meachair (Talmín), Máirtín Ó Fátharta (T. Mhóir), Seán Ó Domhnaill (Bheacla Choilm), Micheál Ó Conceanainn (S. Dearg) & Máirtín Ó Conghaile (Thomáis Mhóir)



pic ó: Bidín Stiofán Uí Chonceanainn



pic ó: Philomena Ní Fhátharta

Ó Chlé: Máirtín Sheáin Pheigín Ó Fátharta, Seán Bheachlaí Ó Fátharta, Peadar Pheaidín Ó Conghaile & Pádraig Thomáis Ó Conghaile

Inis Meáin ~ 4,000 Bliain ag Fás

Tá stair shaibhir, éagsúlacht seandálíocht ag Éirinn agus ní eisceacht ar bith Oileáin Árann ach an oiread. Go deimhin, d'fheadhfaidh a rádh go seasann Oileáin Árann mar dhomhan saibhir de bheatha daonna in Éirinn i rith an 4,000 bliain deirneach. Seasann an dún sonrach, Dún Aonghasa ar Inis Mór, amach mar chomhartha dearfach de shibhialtacht ársa ar chósta thiar na h-Éireann. Ach, bíodh sin mar atá sé, má osclaíonn tú na súile beagán faigheann tú amach go bhfuil go leor séadchomharthaí tábhachtach níos sine ar na h-oileáin cé nach mbheadh siad chomh suantasach le feiceál. Do oileán beag, tá saibhreas mór séadchomharthaí seandálíocht ar Inis Meáin, ós cionn cheithre scór ar an laghadh.

Cé nach bhfuil aon fhianaise díreach le feiceál, ceaptar go raibh daoine ar Inis Meáin agus a chomharsanaí ag dul siar chomh fada le 6,000 bliain ó shin, thart ar an Tréimse Deirneach Neoilíotach. Tá siad le fáil mar thuamaí adhlacadh (cloch mór) meigilíotach agus de chineál éagsula: an tuama dingeach. Sampla maith tábhachtach, cé go bhfuil sé titithe, ná an tuama dingeach Ceathrú an Lisín ar Bhaile an Mhóthair, Inis Meáin. Cosúil le go leor dhá chineál "Leaba Diarmuid agus Gráinne", a thugtar go h-áitúil air, ag spreagadh an scéal fiannaíochta faoin gcúpla a bhí ag éalú ó Fhionn Mac Cumhaill agus a ndeirtear gur chodail said in áiteacha mar seo. Ó cheart, bíonn seomra



Leaba Diarmuid agus Gráinne
Ceathrú an Lisín, Inis Meáin



Tuama Dingeach Eochaill, Inis Mór. An ceann is caomhnaithe den 6 thuama dingeach ar Oileáin Árann.

ag íslíú agus ag caolú ag cúl na dtuamaí dingeach seo. Tá said tógtha le leaca móra aolchloch cósúil le bosca ar Oileáin Árann agus sa Bhoirinn, ag cur i gchél gaol cultúra de chineál éigin. Faraor, thar am, tá go leor de na tuamaí dingeacha seo scriosta, ach de bharr an sár obair a rinne roinnt seandachtaí, cosúil le Thomas Westropp agus John Donovan san 19ú aois deag, tá go leor fothrachaí mar seo, breactha síos ar léarscáil ag thabhairt leargas dhúinn ar an taobh tíre seandálíochta mar a bhí sé 170 bliain ó shin. Tá dhá thuama dingeach fágtha ar Inis Meáin.

Sé an fheidhm a bhí leis na tuamaí seo, mar atá san ainm, ná uaigh le daoine a chur, go minic coirp créamaithe de dhuine amháin nó níos mó. Níl mórán seans ag a leithéid de choirp a bheith slán inniú i ngeall ar an gcineál talamh atá ar na h-oileáin. Creideann go leor saineolaí go raibh níos mó i gceist anseo ná uaigh agus go raibh deasghnáth, sinsearach agus torthúlacht i gceist chomh maith. Tá suíomh líneach na dtuamaí dingeacha seo an-seasmhach – bíonn an béal nó an taobh fairsing i gconaí ag breathnú ó dhreo nó aniar a ndheas. Deirtear gur oscailt go dtí an "saol eile" atá iontu i ngeall ar a suíomhanna i dtreo na gréine ag dul faoi, chomh maith lena dtréithe i gcumadh tonnadóir.



Dearlú ealaíontóir de Fulachta Fiadh

Tá roinnt comharthaí de lonnaíocht ar Inis Meáin den Chréamhaois ag Fulachta Fiadh (suíomh cócaireachta don Fhiadh). Mótaí beaga de chlocha dóite i bhfoirm crú capaill timpeall ar umar uisce. Faightear iad seo ar thalamh íseal riascach nó gar do shruthán nó loch. Suíomh cócaireachta a áirítear go h-iondúil le Fulachta Fiadh, ach ceaptar go mbfheidir gur folcadáin poiblí nó áit le craiceann a phróiseáil a bhí iontu chomh maith. Bhíodh na clocha dhá dthéamh san tine agus chuirfidh san umaruisce iad agus taréis tamaill d'fhiuchadh an t-uisce. Chaithfadh na clocha, briste ag an teas, amach timpeall ar an umar ina dhiadh sin. D'réir a chéile rinne na clocha briste seo mótaí i bhfoirm crú capaill thart ar an suíomh.

Is fianaise eile iad na leachtaí seo do lonnaíocht pobail ar Inis Meáin thart ar 3,000 - 3,500 bhliain ó shin.



Fulachta Fiadh.
Droim Rua, Bothar Mhéairt, Inis Meáin

Gan aon amhras, said na dúnta móra clochadh na fothrachaí seandálíochta is suntasaí ar Oileáin Árann agus tá seacht gchinn acu ar na h-Oileáin. Tá péire acu seo ar Inis Meáin, Dún Chonchúir san lár agus ag an bpointe is airde agus Dún Fearbhaí ag breathnú anuas ar chéibh an Chora ar an taobh thoir den oileán. Cé go nglactar go ginearalta leis go dtéann an cinéal seo dúnta siar go dtí an larann Aois (2,600 - 1,600 bliain ó shin), thaispeáin tochailt ag Dún Aonghasa agus Dún Eoghnachta ar Inis Mór is na 1990aidí go raibh na suíomhanna seo ann chomh fada siar leis an Sean Chréamhaois (3,000 - 2,400 bliain ó shin). Breathnaíonn sé gur comhlúadar clarlathas ceannasaíocht a bhí san bphobal ag an tráth seo. Beidh na dreamanna difriúil áitúil ar na hoileáin tugtha le chéile ag aon cheannasaí amháin nó b'fhéidir faoi chomhairle ceannasaí mar aon ríocht amháin. Chuile sheana gur é suíomh lárnach na ríochta seo ná an dún suantasach, Dún Aonghasa ar Inis Mór.



Dún ollásach Chonchúir,
tiomhna do cheannaireacht ar Inis Meáin

Ar ais ar Inis Meáin, sé Dún Chonchúir gan dabht ceann áras an oileán. Tá an t-ainm Conchúir tógtha ón bhfionscéal Méanaoiseach Luath a insíonn faoin dthréabh, na Fír Bolg a lonnadh air Oileáin Árann, Aonghus ar Inis Mór ag Dún Aonghasa agus a deartháir Conchúir ar Inis Meáin ag Dún Chonchúir. Cosúil le ríochta eile in Éirinn ag an am, bhí sé bunaithe go mór ar riúlacht agus ceangail pearsanta agus bhí seasamh chuile dhuine san gchomhlúadar seo deimnithe ag an ngaol a bhí aige/aici leis an gcheannaire. Bheadh clan agus muintir an cheannaire, chomh maith le scoth na laochra a bhí i gceannas ag an am ar bharr an chomhlúadair clarlathach seo. Chuile sheans go raibh na comhlúadair clarlathach se ar na h-oileáin léirithe ag an gcineál lonnaíochtaí, ó

Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

IONAD OIDEACHAIS SHEACHTRAIGH

Ceapach na gCapall

Suíomh:

Tá an t-ionad suite ar bhruach Loch Measca, le Loch Coirib ag síneadh ó dheas, Sléibhte Mhám Tuirc san lathar agus machairí aolchloch na Gaillimhe agus Foraoisí Stáit san oirthear. Tá Ceapach na gCapall suite i gceantar fíor álainn agus tá 15 acra tailte cóirithe mórthimpeall an ionaid chomh maith le 15 acra ar an oileán Rua, 300 méadar ó thanalacht Loch Measca.

Áiseanna:

Tá áit chodlata do suas le 100 duine ar fáil san ionad agus i dTeach Mór Cheapach na gCapall féin. Tá suanliosanna agus seomraí ar fáil, ag brath ar éileamh na ngrúpaí éagsúla. Tá áiseanna campála ar fáil sa deá láthair campála ar an suíomh. I measc na n-áiseanna eile tá seomra bia mór, seomra teilifíse, seomra le hedaí a thriomú, garraí mór do pháistí le cluichí a imirt, cúirt cispheile, deis cócaireachta faoin aer, suíomh tine champa.

Gníomhaíochtaí — Ar an suíomh

- Eachtraíocht faoin aer do ghrúpaí lae agus do ghrúpaí cónaithe
- Staidéar Dúlra: Geolaíocht, Tíreolaíocht agus Eiceolaíocht do mhic léinn iarbhunscoile agus tríú leibhéal
- Cúrsa forbartha foirne
- Cúrsaí i mBainistiú ar Oideachas faoin aer
- Curachóireacht, dreapadóireacht, rianadóireacht, seolmharcaíocht toinne agus seoltóireacht
- Snámh agus campáil
- Cúrsaí i nGaeilge
- Campaí Samhraidh

Gníomhaíochtaí — fad siúil ón ionad

- Ailleadóireacht
- Dreapadóireacht
- Siúl sléibhe
- Coireoireacht

Tuillleadh eolais ar fáil ó

Patricia Walsh (bainisteoir)

Ionad Oideachais Sheachtraigh Cheapach na gCapall

An Fháirche, Co. na Gaillimhe

Uimhir Ghutháin: 094-9546483/9546416 Uimhir facs: 094-9546705



Fón: + 353 (0) 91 593034
Ríomhphost: aerarann@iol.ie
Idirlín: www.aerarannislands.ie

Tá aerfort Oileáin Aer Árainn suite in Aerfort Réigúnach Chonamara in Indreabhán, 17 míle taobh thiar de chathair na Gaillimhe. Agus tú ag tiomáint siar ar bhóthar an chósta (R336) feicfidh tú na radhairc iontacha ar Chuan na Gaillimhe agus rachaidh tú tríd an nGaeltacht. Fágann seirbhís bhus Oileáin Árainn ó Bhrú Óige Kinlay House, ar Bhóthar na gCeannaithe in aice leis an bhFaiche Mhór. Moltar do chuairoteoirí suíochan a chur in áirithe ar an mbus agus na heitiltí á gcur in áirithe acu.

Thosaigh Aer Árainn ag cur seirbhíse ar fáil d'Oileáin Árainn i 1970 ag tabhairt muintir na n-oileáin, turasóirí agus lastas chuig na trí oileán agus ar ais ó cheann ceann na bliana. Bíonn eitiltí ann gach lá agus suas le 25 eitilt i rith tréimhse na dturasóirí. Ní ghlacann an eitilt ach deich nóiméad agus tugann an aerlíne ceangal riachtanach do mhuintir na n-oileán agus do na turasóirí. Is féidir eitiltí speisialta a chur ar fáil do lastas, paisinéirí agus eitiltí le radharc etc.

Cuireann Oileáin Árainn seirbhísTacsáí san aer ar fáil seacht lá na seachtaine do na trí oileán, Inis Mór, Inis meáin agus Inis Oírr.


Ma bhíonn aon cheist agat nó má bhíonn aon eolais eile uait faoi na háiteanna a n-eitlímid chucu, eitiltí speisialta a chur ar fáil, táillí nó sceidil, déan teagmháil linn ar na bealaí thuas.

Gearóidín Níc Ghiolla Ruaidh

bhfeirmeoir beag agus a áiteamh suarach go dtí na dúnta móra cnocach. Go deimhin, tá chuile sheans ann gur comhartha cumachta an cheannaire agus a mhuintir a bhí iontu níos mó ná gnéithe cosanta.

Tá an foirgneamh féin ag Dún Chonchúir cosanta ar an mbealach isteach ag urdhún taobh amuigh. Leanann an cosán air isteach san dún tríd oscailt san mballa mór laistigh. Tá bunú roinnt botháin le feiceál nuair atá tú taobh istigh. Is dóigh, gur iad na botháin seo tithe agus áit codladha daonra an dúin agus bheadh na spásanna oscailte san dún dhá n-úsáid le cocaireacht, obair miotaloireacht agus céardoibreacha eile.

Thart air 1,200 bliain ó shin, thosaigh an Eaglais Éireannach agus a cuid oilithrigh ag toraíocht suíomhanna nua oilithrigh agus bhí cósta thiar na tíre agus na h-oileáin an-fheilúnach. D'fhág an oilithreach na gníomhaíochtaí eaglaisúil eile a lorg ar go leor suíomhanna thart air na h-oileáin. Ceann den chuid is fearr atá fágtha ná Cill Cheanainn, seipéalín beag suite ó theas de chéibh an Chora ar an taobh thoir d'Inis Meáin. Ceaptar go bhfuil an oráidíocht seo, d'urlár amháin, atá beagán le cois chuig mhéadar ar fhaid agus cheithre mhéadar ar leithead, thart ar 1,000 bliain d'aois. Tá go leor den taobh istigh de Chill Cheanainn lán le leaca uagheanna den 18ú, 19ú agus 20ú aois agus b'fhéidir go bhfuil said seo ag clúdú treithe níos sine fós. Ach, thart ar h-ocht méadar ó thuaidh den seipéal tá leac triantánach mór le poll ciorculach ina láthair. Is ceann de



Páirt scrín tuama le cloch tollta

bheanna d'uaigh taisí atá san leic seo. Cnámha naoimh a bhíodh sna uaigh-taisí seo a dthugadh oilithreachí cuairt orthu. "Séipeal Cheanainn" an t-aistriú béarla atá ar Chill Cheanainn agus chuile sheans gur cnámha de dhuine a dthugtaí 'Ceanainn' air atá san uaigh-thaisíseo. Bhí an poll san leic le go bhfeadh na dillsí láimh a leagan ar na taisí laistigh. Tá tuairiscí difríochta faoi cé hé 'Ceanainn' seo. Tugann scéal amháin tuairisc ar misineára díograiseach garbh a maríodh ar deire ach insíonn scéal eile gur bean a bhí i 'gCeanainn'. San seanscéal seo, deirtear gur mathair le "Seacht Mac an Rí" a bhfuil cuimhne uirthi ar suíomh seipéal eile i lathair Inis Meáin - Teampall na Seacht Mac Rí.

Tugtar faoi ndeara go mór mór go bhfuil go leor séadchomharthaí a dthugar 'mótaí reilge' orthu, atá le feiceál mar mótaí fada, i mbuailte difriúil ar fad an oileán. Cé nach bhfuil aon tochair déanta orthu seo, tá an tuairim ag daoine áirithe anois, nach le daoine a chur a bhí said seo chor ar bith, ach gur fothrachaí tithe ón meánaois atá iontu.

Cé ar bith do spéis i stair na hÉireann, tá tú cinnte rian de a fheiceál ar Inis Meáin. Go deimhin, tá ós cionn 4,000 bliain dhe le cuartú anseo, tóg do rogha.

Gearóidín Níc Ghiolla Ruaidh
Inis Meáin, 2009



Ar chladach thoir Inis Meáin

Athrú

Chaith Gearóid ó 1978 – 1985 san tSile i rith réimius Augusto Pinochet áit a bhfaca sé ciapadh, géarleanúint, cos ar bholg agus daoine dhá rugadh as an tír. Bhí sé sa mBrasail ó 1985 - 2007. I rith an ama seo ar fad bhí sé ag obair le daoine a bhí ar an imeall. Is as seo a fuair sé a dhaonnacht agus a thuiscint ar fhíor shoiscéal Chríost. Tá Gearóid éirí as a bheith ina Shagart ó 1997.

Tá sé féin agus a bhean Geneci agus a dtriúr clainne Camila, Vitor agus Liam ar ais abhaile ó 2007 agus tá conaí orthu i gCois Fharraige.

An duine tú a théann fós ag an Séipéal nó ag an Aifreann? Nó má théann cén fáth a dtéann? Níl freagra na gceisteanna sin agamsa ach tá a fhios agam cén tarraingt atá iontu seo dom féin. Cosúil le go leor liom, rugadh isteach i gcleachtas creideamh Caitliceach Conamaraíoch mé. Cleachtas deirim, sea, gan mórán smaoineamh ná macnaimh ar céard a bhí taobh thiar de seo ar fad le linn dom a bheith ag fás aníos. Is í an íomhá d'Íosa Críost a phioc mé suas ón Scoil, agus ón Eaglais go h-áirithe ná de Slánaitheoir, Messias, Fáidh, Sagart agus Rí, ach ba mhaith liom díriú isteach ar an Íosa eile a chuir mé aithne air i mbruachbhailte fullangthacha, anróiteacha agus mí-chothrom Mheiriceá Theas, agus sin é, Íosa Críost an Réabhlóideach.

Ní duine dochma, feanntach ná an-bhreithiúnach a bhí in Íosa



Gearóid lena bhean Geneci & a dtriúr clainne Camila, Vitor & Liam

Críost, ach a mhalairt, bhí sé lán de mhaitheas agus de thrócaire agus grá thar cuimse aige á phobal go mór mhór dóibh siúd a bhí bocht, faoi leatrom agus a raibh cos ar bholg á imirt orthu ag údaráis a linne. Is á bharr seo ar fad go raibh sé de shíor in adharca údaráis an lae. Chonaic sé cé chomh cam, suarach, leatromach agus éagórach a bhí siad ag caitheamh leis an bpobal agus níl bealach ar bith a b'fhéadfadh sé a bheith mar chuid den aicme seo ná a bheith ciontach ina ndaoirse ar bhealach ar bith, na suí síos chun boird leo.

Má bhreathnaíonn muid ar iompar Íosa le linn dó a bheith ar

an saol seo, feiceann muid nach gríosóir ná ceannairceach a bhí ann, ach é sin ráite bhí sé de shíor ag tabhairt dúshlán na Scríobhaithe agus na bhFairisínigh agus údaráis a linne. Duirt duine éigin uair amháin, "déanann an ceannairceach iarracht na nithe atá imithe tharainn a athrú; ach déanann an réabhlóideach iarracht an todhchaí a athrú" agus seo é an bóthar a thug Íosa air féin. Go deimhin féin ní raibh an saol mar a chéile théis de ghníomhaíochtaí saol poiblí Íosa. D'athraigh sé go deo an dearcadh a bhí ag an duine ar Dhia, ar a mhac a samhail féin, ar mhná, ar na boicht agus orthu siúd a bhí ar an imeall. Tháinig

sé leis na sean-bhealaí agus na sean-struchtúir a bhí lofa ó na fréamacha aníos a athrú go radiciúil; le comhaontú nua, ríocht nua, beatha nua, cine nua, cultúr nua agus sibhialtacht nua a chur ina n-áit.

Níl sé soiléir cén phlean oibre a bhí ag Íosa Críost nó an raibh sé ar intinn aige Eaglais a bhunú ar chor ar bith, nó má bhí, an é an leagan amach atá inniu uirthi a bhí ar intinn aige? Déarfadh roinnt Diagaí linn go bhfuil a chruthúnas sin le feiceáil i Soiscéal Naomh Matha 16:18-19 (Is tusa Peadar ...). Gné an-suimiúil faoin bpasáiste seo nach bhfuil fáil air in aon cheann do na trí Soiscéal eile. Má tá sé chomh bunúsach sin mar chruthú gurbh é mian Íosa Eaglais struchtúrtha a bhunú bheadh duine ag súil go ndéanfaí tagairt dó sna soiscéil eile freisin. Má tá Naomh Matha ag úsáid na véarsaí áirithe seo mar chruthúnas de mhianta agus de phleananna Íosa Eaglais a bhunú, tá roinnt amhrais orm gurbh é an struchtúr atá inniu ar an Eaglais a bhí ar intinn aige. Cén fáth a ndéirim é seo?

An bunchiall atá leis an b'fhocal Eaglais, nó ekklesia, ná pobal, nó ionaid a mbailíodh na Críostaithe le tacaíocht a thabhairt á chéile ach go mór mhór le cuidiú leo siúd a bhí ar an ngannchuid. Úsáideadh an tearma den chéad uair i nGníomhartha na nAspal, ní mar Eaglais bunaithe ag Íosa Críost lena córas riaracháin, deasghnáth, dleathach agus teagascach mar atá inniu againn.

Ag an nóiméad seo agus mé ag cur peann le páipéar tá géarchéim eacnamaíochta sa tír, ach déarfainn féin gur géarchéim morálta agus eitice atá i réim agus an cruth atá ceannairí na

tíre a chur ar chúrsaí cheapfá nach bhfuil freagracht ar bith orthu as a bhfuil ag tarlú, gur anuas as an spéir a thit rudaí. Go laethúil tá siad ag teacht amach le ráitis éadrom, folamh gan substaint.

Ag breathnú go grinn ar theagasc Chríost, ar a iompar, na cairde a bhí aige agus an comhlúadar a choinnigh sé, tá fíor-bheagán cosúlachta eatarthu seo agus gníomhaíochtaí Eaglais an lae inniu. Cén aicme daoine a bhailigh sé timpeall air féin agus é ag díriú isteach ar a mhisiún? Sea, oibrithe agus iascairí a ghlaoigh sé orthu agus iad i mbun oibre agus iad ag glanadh amach a gcuid bád agus ag deisiú a gcuid eangach. Ní hiad lucht an rachmais, ná an lucht acadúil, dochtúirí, baincéirí ná polaiteoirí a linne a ghlaoigh sé chuige féin orthu le bheith páirteach ina thógra beatha. Níor thóg se pálás mór sóil, ná níor thaistéal timpeall ar dhroim camel, ná ní raibh teach saoire aige cois na trá. Á mbeadh sé anseo inár measc mar dhuine inniu cén cineál stíl beatha a bheadh á chaitheamh aige, nó cé hiad na cairde a bheadh aige?

Sa gcomhthéacs seo ar fad, iarraim cá bhfuil guth morálta Eaglais Chríost agus muid go básta i bpuiteach an chur i gcéill, bréaga, dallamullóg agus an éadóchais? An bhfuil a bealach caillte aici freisin? Bhfuil an chléir imithe síos bóthar an chorparáideachais gnó ag tógáil impireachtaí timpeall orthu féin? Cén tuiscint atá ag an gcléir ar a ról i saol an lae inniu?

Sainmhíniú a thabhairt ar mhisiún onár léargas féin ar chúrsaí is mar a chéile é agus léargas an Fhairisíneach a chuireann an cheist, cé hé mo chomharsa? (Lúcás 10,29) é

dírithe isteach ar féin, "mé féiner" a bhí ann, tá mise ceart, bíodh an diabhal ag an gcuid eile agaibh. Tá sé sásta ligean do dhuine bás a fháil ach tá sé ag comhlíonadh an "dlí", agus nach iomaí sin dlí atá iallach orainn a chomhlíonadh nach bhfuil ceart na cóir!

Tá an Eaglais an-tógtha suas léi féin mar institiúid, ag eagrú a misiún ón taobh istigh amach, ón uachtar anuas. Taispeánann Íosa dúinn gurb é a mhalairt ba cheart dúinn a dhéanamh! Bíodh ár ngníomhaíochtaí dírithe i dtreo an te atá ina aonar, gonta, titithe, lotaí le marcanna na mí-éagóra agus ag doras an bháis. An Samaratánach Maith a bhí taobh amuigh den cheartchreidmheach nó an ortadocsach Iúdach, bhí sé in ann feidhmiú ar an mbealach seo, bhí sé oscailte, ar an airdeall don té a bhí lag agus súil amach aige don té a bhí ar an imeall agus a raibh lámh cabhrach ag teastáil uaidh.


Tá muid ar fad atá baistithe glaoite le bheith ina ndeisceabal ag Críost, sin má chreideann muid ina theachtairacht, agus beart a dhéanamh á réir. Sí an cheist a ardaíonn sé seo inniu ná; mas é sin an scéal é cén fáth nach bhfuil an domhan Críostaí agus muid mar chuid den domhan seo níos gníomhaí sna réimsí céanna saoil a raibh Críost gníomhach iontu?

Tá faitíos orm go bhfuil muid stromphtha leis an bhfaitíos a bheith difriúil, seasamh a thógáil ar shon an chirt, mar má dhéanann muid sin ní bheidh muid san "gciorca orga" agus b'fhéidir go gcaillfeadh muid ár stadas, na "perks", "an déirce" agus "na buntáistí" a thagann ó bheith inár mbaill den aicme seo.

le Gearóid Ó Fátharta

- Feabhsú gnó & próiseais (Engineering & process improvement)
- Sláinte & sábháilteacht san áit oibre (Health & Safety)
- Iniúcháireacht Caighdeán & Innealtóireachta (Quality & Engineering Audits).
- Bog-earra ríomhaireachta (Software for ISO 9001, ISO 17025, SPC and process simulation)

Flexim Simulation Software



Smachtú próiseais

Cill Bhriocáin,
Rosmuc, Co. na Gaillimhe.
www.toh.ie
info@toh.ie

Orchard View, Cullentra,
Longwood, Co. na Mí.
Fón: 046-9555885
Facs: 046-9555886



Cumann Peile na bPiarsaigh

Comórtas Peile na Gaeltachta 2009

Ros Muc

Tá muid fíor ghnóthach i Ros Muc faoi láthair ag eagrú Comórtas Peile na Gaeltachta. Beidh sé ar siúl i Ros Muc thar an deireadh seachtaine baince:

29 Bealtaine – 1 Meitheamh 2009

Is onóir mhór don chlub a bheith ag eagrú féile spóirt chomh mór leis seo. I rith na deireadh seachtaine roghnófar Cailín Gaelach na hÉireann, chomh maith le neart imeachtaí eile. Beidh ollphubal lonnaithe le taobh na páirce, chun freastal ar pheileadóirí, bainistíocht, lucht tacaíochta agus ar an bpobal.

Bunaíodh Club na bPiarsaigh sa bhliain 1959, mar sin, beidh an club ag ceiliúradh a gcomóradh órga i mbliana.

LÓISTÍN

R-Phost: loistin2009@gmail.com
Uimhir Lóistín: (087) 7514961

CUMANN PEILE NA bPIARSAIGH 1959-2009

R-phost: cumannpeilenabpiarsaigh@gmail.com
Suíomh: www.cumannpeilenabpiarsaigh.ie



Déardaoin 30/04/09

7.30 i.n.

MÓRSHIÚL LAINDÉIR ó Halla Pobail Naomh Eoin go dtí
Óstán Inis Meáin

8.00 i.n.

OSCAILT OIFIGIÚIL NA FÉILE

Ionad: Óstán Inis Meáin
Oscailt Oifigiúil le **Fionnghuala Ní Chonceanainn**
BRONNADH GRADAM AN PHLÉARÁCA
Seoladh an Iris 'Pléaráca'
Fear an Tí: **Máirtín Tom Sheáinín**
CEOL: **Sonai Choilm Learai, Beartla Ó Domhnaill & Ceann Gólaím**



Máirtín Tom Sheáinín

An Leabhar Mór

Beidh Leabhar Mór na Gaidhlig ar díol sa Leabharlann le linn na féile

12 - 2.00 i.n.

SIÚLÓID CHULTÚRTHA AR INIS MEÁIN
Treoraí: **Máirín Uí Chonghaile**

01.00 i.n.

LÁ NA hAOSACH

Eagraithe i gcomhar le hOrd Mhalta
Ionad: Halla Pobail Naomh Eoin
Fear an Tí: **Sonai Choilm Learai**
Ceol: **Clann Uí Mhaolchiaráin**
(Buaiteoirí an 'All-Ireland Talent Show')

03.00 i.n.

SEOLADH TAISPEÁNTAS EALAÍNE 'Idir dhá Chladach'

Ionad: Halla Pobail Naomh Eoin
Taispeántas de shaothar ealaíne dhaoine óga an oileáin
Seoladh Oifigiúil le **Muireann Ní Dhroighneáin**
(Ealaín na Gaeltachta)
Bean an Tí: **Mairéad Ní Fhátharta**



Muireann Ní Dhroighneáin

05.00 i.n.

SEOLADH TAISPEÁNTAS GRIANGRAIFEANNA

Ionad: Halla Pobail Naomh Eoin
Griangrafanna don oileán tríd na blianta, dhá sheoladh ag **Dara Beag Ó Fátharta**

8 - 10.00 i.n.

'Dónal Cam & Diarmuid na Cruite' CEOLDRÁMA LE GASÚIR INIS MEÁIN & TAISPEÁNTAS CEARDAÍOCHTA

Ionad: Halla Pobail Naomh Eoin

10 - 12.00 i.n.

CÉILÍ - Halla Pobail Naomh Eoin
Ceol: **Páidí Breathnach & Mike McGrath**
Cead Isteach: €5.00

2 - 3.30 i.n.

CEARDLANN & TAISPEÁNTAS CEARDAÍOCHTA

Ionad: Halla Pobail Naomh Eoin
Cniotáil & Déanamh Crios le **Máirín Thomáis Uí Dhomhnaill**
Bia Cladaigh - Carraigín le **Tomás Ó Conghaile**
Caoladóireacht le **Micheál Ó Conghaile**

Súil físe ar shaol Inis Meáin le **Elizabetha Zemhyic**

3.30 - 4.30 i.n.

CEARDLANN DAMHSA AR AN SEAN-NÓS

Ionad: Óstán Inis Meáin
Teagascóir: **Patricia Ní Fhátharta**
Táille: €2.00/€5.00

4.30 - 6.30 i.n.

COMÓRTAS CEAD - Páirc Pheile an aerstráice
Go h-iondúil is ar Lá'l Pádraig a imrítear an spóirt cluiche seo
Réiteoir: **Máirtín Ó Fátharta**



Dé hAoine 01/05/09

Dé Sathairn 02/05/09

Dé Sathairn 02/05/09

... Ar lean
7 - 9.00 i.n.

9 - 12.00 i.n.

9 - 12.00 i.n.

OÍCHE NA bhFILÍ - Teach Synge

Fear an Tí: **Joe Steve Ó Neachtain**
Filí: **Joe & Máirín Uí Neachtain, Dara Beag Ó Fátharta, Peadar Mór Ó Conghaile, Louis de Paor, Jackie MacDonncha, Dara Ó Conaola**

SEOLADH ÚRSCÉAL 'ODÁISE GHAEL-MHÉIRICEÁNACH'
leis an **Dr. Ciarán Ó Coigligh**.


Ceol: **Lasairfhiona Ní Chonaola**

DIOSCÓ - Óstán Inis Meáin

D.J. Liam Ó Conghaile. Cead Isteach: €5.00

SEISIÚN CEOIL & AMHRÁNÍOCHTA

Ionad: Teach Ósta Inis Meáin. Fear an Tí: **Gearóid Ó Murchú**
Ag glacadh páirte: **Stíofán Staifín Ó Cualáin, Rita & Joe John Mac an Iomaire, Treasa Ní Mhiolláin, Pádraig Phat Bhid Ó Flatharta, Micheál Ó h-Almhain**



Joe Steve Ó Neachtain

10.00 r.n.

12 - 1.30 i.n.

AIFREANN NA FÉILE - Séipéal Mhuire gan Smál & Eoin Baiste le **Cór an Oileáin**

TIÚIN SA DÚN

Ionad: Dún Chonchubhair
Seó ceoil, amhránaíochta & damhsa le daoine óga ó na trí h-oileáin
(Inis Oírr, Inis Meáin & Inis Mór) faoi stiúir **Mhicheál Ó h-Almhain**
Bean an Tí: **Treasa Ní Mhiolláin**



Lasairfhiona Ní Chonaola

1 - 4.00 i.n.

COMÓRTAS NA n-ÓG

Ionad: Halla Naomh Eoin
Bean an Tí: **Áine Ní Dhonnacha**
Ceol: **Seán Ó Flatharta**
• Rogha uirlisí ceoil.
• Damhsa ar an sean-nós.
• Amhránaíocht ar an sean-nós.
• Agallamh Beirte/Scéalaíocht.

3 - 5.00 i.n.

CEARDLANN SCRÍBHNEOIREACHTA - Leabharlann

Áisitheoir: **Jackie Mac Donncha**
Táille: €3.00

8 - 10.00 i.n.

COMÓRTAS DAMHSA AR AN SEAN-NÓS DO DHAOINE FÁSTA

Ionad: Óstán Inis Meáin
Fear an Tí: **Seánín Chóil Nana Pháidín MacDonnacha**
Ceol: **Colm Ó Dubháin**
Cead Isteach: €5.00

1ú Duais: Corn a bhronn **Sonai Choilm Learai, Nóra & a gClann ar Phléaráca** i gcomhar an chomórtais. **Duais airgid €300.00** (urraithe ag **Bridín Ní Chonceanainn, Oifig an Phoist Inis Meáin**). **2ú Duais:** €200.00. **3ú Duais:** €100.00 (urraithe ag **Pléaráca**)



Treasa Ní Mhiolláin

10 - 12.00 i.n.

CÉILÍ - Óstán Inis Meáin Ceol: **Bracken**

Dé Luain 04/05/09

11 - 1.00 i.n.

12.30 - 3 i.n.

CUAIRT AR NA MUILTE GAOITHE & CÓRÁS DI-SHALANNÚ
le **Bridín Ní Chonceanainn**

SEISIÚN CEOIL NA FÉILE - Teach Ósta Inis Meáin


Ceol: **Na hIarnáin** as Inis Mór,
Oisín Conall & Orna & a lán ceoltóirí eile.



Na hIarnáin

Oíche na bhFilí Teach Synge, Dé Sathairn 02/05/09
ón 7 - 9.00 i.n. ag léamh a gcuid filíochta beidh
Thíos ar chlé: **Peadar Sheán Shiúnach Ó Conghaile**
& Thíos ar dheis: **Dara Beag Ó Fátharta.**

Beidh Dara Beag ag
seoladh
Taispeántas
Grianghraifeanna
i Halla Naomh Eoin
ar Aoine,
01 Bealtaine ag
5.00 i.n. freisin.



Fionnghuala Ní Chonceanainn
ag **Oscailt Oifigiúil na Féile** in
Óstán Inis Meáin, Déardaoin
31/04/09 ag 08.00 i.n.



Clann Uí Mhaoilchiaráin
(Buaitoirí an 'All Ireland Talent
Show") ag ceol ag **Lá na nAosach**
in san Halla Pobal Naomh Eoin
ar an Aoine 01/05/09
ag 01.00 i.n.



Dé Sathairn
02/05/09
4.30 - 6.30 i.n.
ar Pháirc Peile an
aerstráice

An Cead

Beidh comórtas cead ar siúl le
linn an Phléaráca, agus seo
beagán eolais faoi, dóibh siúd
nach bhfaca an cluiche ariamh.

Níl ag teastáil uait ach cloch
bheag, píosa adhmaid dhá
through ar fhad agus an 'cead' é
féin, píosa beag adhmaid dhá
orlach ar fhad.

Leagfaidh tú an 'cead' suas leis
an gcloch, buailfidh tú buille
beag air ag súil go n-éireoidh sé
san aer. Má éiríonn sé go deas
duit, buailfidh tú buille arís air.
Caithfidh tú é a chur tríocha
cosméig le pointe a fháil.


Fadó bhíodh (rócam) ann – sé sin
poc beag b'fhéidir deich slat - níl
sé sin ann níos mó, agus ní
dhéanfaidh sé aon difríocht cé
chomh fada a bheadh an poc
curtha, mar is í fad na slaité saillí a
dhéanfaidh áit tomhaiste air.

Is ar Lá 'l Pádraig a bhíonn an
cead á imirt anois. Bíonn ceithre
fhoireann ann, seachtar ar gach
foireann, agus bíonn an bua ag an
bhfoireann a fhaigheann seasca
pointe.

Is in Inis Meáin, chomh fada is
eol dom, an t-aon áit a imríonn
siad an cluiche 'cead' faoi láthair.
Imríonn siad cluiche cosúil leis i
mBarnsley i Sasana a dtugtar
nipsy air.

Beidh fáilte roimh gach duine,
idir fhir agus mhná a thagann go
hInis Meáin, an cluiche a imirt le
linn na féile.

pic ó: Bidín Stiofán
Uí Chonceanainn




Siúlóid Chúltúrtha ar Inis Meáin
ar an Aoine 01 Bealtaine ón 12 - 2.00 i.n.

Páidí Breathnach

Céilí

i Halla Pobal Naomh Eoin,
Dé hAoine 01/05/09
ag 08.00 i.n.
Ceol: Páidí Breathnach
& Mike McGrath



Tríocha Bliain den Údarás (1979 - 2009): thar am é a leasú

Tá toghchán ceaptha a bheith ann an chéad bhliain eile le Bord nua a thoghadh d' Údarás na Gaeltachta. San alt seo caitheann an tráchttaire Donncha Ó hÉallaithe súil criticiúil ar an Údarás mar atá agus deineann sé roinnt moltaí faoi na bealaí, dar leis, a d'fhéadfaí obair agus struchtúr an Údaráis a fheabhsú. Leantar den díospóireacht.

Réamhrá:

In alt 8.1 d'Acht um Údarás na Gaeltachta 1979 tá sé leagtha síos gurb é seo a leanas an chéad fheidhm atá ag Údarás na Gaeltachta:


"Déanfaidh an tÚdarás caomhnú agus leathadh na Gaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide sa Ghaeltacht a spreagadh agus cinnteoidh sé gurb í an Ghaeilge a úsáidfear a mhéid is féidir nuair a bheidh a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige agus thar a cheann."

Is léir go bhfuil teipthe ar Údarás na Gaeltachta an fheidhm sin a chomhlíonadh. Ó bunaíodh an tÚdarás is ag cúlú atá an Ghaeilge 'mar phríomh-mheán cumarsáide sa Ghaeltacht' agus go minic bíonn obair an Údaráis ag cuidiú leis an gcúlú sin. Tá sé ráite ag taighdeoirí go mbíonn drochthionchar ag cuid de na tionscail a bhunaíonn an tÚdarás sa Ghaeltacht, ar staid na Gaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide sa phobal. Ní léir go dtugann Bord an Údaráis aon aird ar an dtaighde seo.

Ní léir go bhfuil aon mhonatóireacht ná taighde ar bun ag Údarás na Gaeltachta ar an dtionchar a bhíonn ag na tionscnaimh thionsclaíochta ar staid agus úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht. Ní léir ach oiread go ndéantar meastóireacht sheachtrach ar scéimeanna éagsúla an Údaráis.

Ní léir go bhfuil Bord an Údaráis ag feidhmiú mar ar chóir do Bhord Stáit feidhmiú: ag leagan síos polasáí ginearálta na heagraíochta agus ag féachaint chuige go bhfuil na feidhmeanna reachtúla á gcomhlíonadh. Is polaiteoirí áitiúla iad, beagnach ar fad, agus feidhmíonn siad ar Bhord an Údaráis, mar a fheidhmíonn siad ar an gComhairle Chontae.

Tá dhá ghéarchéim sa Ghaeltacht faoi láthair: géarchéim eacnamaíochta agus géarchéim teanga. Ní léir go bhfuil aon pholasaithe nua á chur chun chinn ag baill an Bhoird



Donncha Ó hÉallaithe

le déileáil leis an dá ghéarchéim seo. Ní cabhair ar bith na srianta airgid atá curtha ag Aire na Gaeltachta orthu.

An bhliain seo chugainn reáchtálfar toghchán nua le baill a thoghadh ar Bhord an Údaráis. Sara ndéantar toghchán eile a reáchtáil ba chóir athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar obair agus ar struchtúr an Údaráis agus reachtaíocht leasaithe a chur os comhair na Dála, le go mbeidh an Bord nua in ann déileáil leis an dá ghéarchéim atá ag bagairt ar an nGaeltacht faoi láthair.

Seo roinnt moltaí a chuirim os comhair an phobail le díospóireacht phoiblí a ghriósú.

Na Teorainneacha a Athshocrú:

Dá mbeadh an tÚdarás ag feidhmiú taobh istigh de limistéir ina bhfuil Gaeilge fós in úsáid ag sciar suntasach den pobal mar phríomh-mheán cumarsáide, d'fhéadfaí tabhairt faoi straitéis ionraic réalaióch leis an nGaeilge a chaomhnú agus a leathadh mar phríomh-mheán cumarsáide sna ceantir sin. Chuige sin tá géarghábair le teorainneacha na Gaeltachta a leagan síos sa gcaoi is go ndéanann siad ciall theangeolaíoch.

Faoi láthair is ag Aire na Gaeltachta atá an cúram maidir leis na teorainneacha a athshocrú. Ní chreidim go bhfuil ná go mbeidh Éamonn Ó Cuív, ná aon Aire Rialtais eile, toilteanach teorainneacha fírinneacha a mholadh don Rialtas. Sin é an fáth go molfainn an cúram tábhachtach seo a bhaint as lámha na bpolaiteoirí. Tá critéir leagtha síos sa Tuarascáil Taighde ar Staid na Gaeltachta, a foilsíodh bliain go leith ó shin. D'fhéadfaí na critéir sin a thabhairt do Choimisinéirí, le fios a gceird, agus an cúram a thabhairt dóibh na teorainneacha nua a leagan amach, in am do thoghcháin an Údaráis.

Tá gné eile ag baint le toghchán a reáchtáil agus na teorainneacha mar atá siad: mura ndéantar na teorainneacha a athshocrú beidh níos mó vótaí i gcathair na Gaillimhe le daoine a thoghadh ar Bhord an Údaráis ná mar a bhéas sa cheantar Ghaeltachta ón Spidéal siar go Carna.

Cumhachtaí Breise:

Mholfainn go mbeadh an chumhacht ag Údarás na Gaeltachta talamh agus maoín a cheannacht ar mhaithe le cuspóirí teanga agus cuspóirí forbartha na heagraíochta agus ba cheart go mbeadh cead úsáid a bhaint as CPO i gcásanna eisceachtúla le talamh a cheannacht.

Mholfainn na cumhachtaí tiathíochta atá ag Roinn na Gaeltachta a aistriú ag an Údarás agus go mbeadh cead ag an Údarás scéimeanna tiathíochta do lucht labhartha na Gaeilge a thionscnamh i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus le heagraíochtaí pobail, i gceantir ina bhfuil an Ghaeilge fós in úsáid. Bheadh seo ag tíoct leis an bhfeidhm bhunúsach atá ag an Údarás i leith caomhnú agus leathadh na Gaeilge.

Ba cheart go mbeadh ról níos láidre ag Údarás na Gaeltachta sa phróiseas pleanála maidir le ceist na teanga: ag ullmhú aighneachtaí, ag cur comhairle ar údaráis phleanála, ag cur aighneachtaí isteach faoi iarratais pleanála agus ag déanamh achomhairc ar an mBord Pleanála nuair ba ghá. A fhad is atá Bord an Údaráis lán le polaiteoirí, ní mholfainn go mbeadh cumhachtaí breise pleanála ag an Údarás, seachas mar atá. Ba bhreá an rud dá mbainfeadh an tÚdarás úsáid as an stádas atá bronnata ar an eagraíocht faoin Acht Pleanála, in áit a bheith ag fágáil cosaint na Gaeilge faoi Airdeall, ar fochoiste deonach é de chuid Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.

Moltaí faoin mBord:

Tá Bord an Údaráis go mór faoi mhíbhuntáiste, mar nach bhfuil an saineolas eacnamaíochta ná an saineolas sochtheangeolaíochta ar fáil don Bhord, lena chuid oibre a dhéanamh mar ba cheart. Daoine den chineál céanna, beagnach ar fad a thoghtar ar an mBord: polaiteoirí áitiúla a bhíonn seachantach agus coiméadach seachas samhlaíoch agus misniúil.

Le smacht na bpolaiteoirí ar Bhord an Údaráis a bhriseadh, mholfainn córas difriúil ar fad le hiarrthóirí a ainmniú le seasamh sna toghcháin: in áit é a bheith fágtha ag na páirtithe polaitíochta na hiarrthóirí a roghnú, mholfainn go mbunófaí clár de na heagraíochtaí pobail atá tofa go daonlathach is atá gníomhach sa Ghaeltacht agus a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

Bheadh cead ag aon cheann de na heagraíochtaí aitheanta seo, iarrthóir a ainmniú le seasamh i dtoghchán an Údaráis. Ar ndóigh ní bheadh cosc ar bhaill na bpáirtithe seasamh ach chaithfidís a bheith ainmnithe ag eagraíocht pobail.

Mholfainn nach mbeadh sé ceadaithe do chomhairleoirí contae ná baile a bheith ar bhord Údarás na Gaeltachta.

Molaim go mbeadh sé ráite sna rialacháin don toghchán gur i nGaeilge amháin a bheadh postaeirí, bileogaí agus cáipéisíocht eile stocaireachta na n-iarrthóirí i dtoghchán an Údaráis agus go bhféadfaí iarrthóir a dhícháiliú mura gclófidís le sin.

Molaim go mbeadh líon na suíochán dona toghcheantar i gcomhréir le líon na

gcainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh den córas oideachais sa toghcheantar, do réir an figiúirí ón Daonáireamh is deireanaí.

Molaim go mbeadh cead ag cainteoirí dúchais ón nGaeltacht, a bhfuil cónaí orthu taobh amuigh den Ghaeltacht clárú ar liosta na vótóirí.

Molaim go ndéanfaí toghlach amháin de na hOileáin Gaeltachta.

Molaim go mbeadh toghlach eile ag an bhfoireann oibre atá ag an Údarás.

Molaim go mbeadh 15 ar an mBord agus nach dtoghfaí ach deichniúr ar fad ach go mbeadh cead ag an mBord ainmneacha cúigear eile a chur os comhair an Aire le bheith ceaptha ag an Aire de bharr a saineolas sna réimsí seo a leanas: duine le saineolas ar sochtheangeolaíocht; duine le saineolas ar fhorbairt pobail, beirt le saineolas ar chúrsaí gnó/fiontraíochta agus duine le saineolas ar chúrsaí airgeadais.

Molaim go mbeadh sé fágtha faoin mBord de 15 tíoct ar réiteach faoi Chathaoirleach a ainmniú, ag a mbeadh tacaíocht ag móramh na mball ainmnithe agus ag móramh na mball tofa.

Mholfainn go mbeadh cruinnithe an Bhoird in Oifig an Údaráis sna Forbacha ar mhaithe le gearradh síos ar chostais taistil. Mholfainn chomh maith go mbeadh córas taistil curtha ar fáil dona comhaltaí óna Gaeltachtaí eile: sa lá atá inniu ann tá sé seafóideach go bhfuil costais á íoc le beirt as Corca Dhuibhne agus le triúr ó cheantar Ghaoth Dobhair le freastal ar na cruinnithe nuair a d'fhéadfadh an Bainisteoir Réigiúnach síob a thabhairt dóibh. Ghearrfadh sé anuas ar na costais, bheadh deis acu na ceisteanna a bheadh le réiteach a phlé le chéile agus bheidís in am don chruinniú.



Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 Faics: 091 593362
cio@iol.ie www.cic.ie



**Corn Uí Riada
Buaiteoirí
1972-2007
€25**

Dlúthdhiosca dubailte leis na hamhráin ó bhuaiteoirí Chorn Uí Riada ó 1972 go 2007

Teicneolaíocht Uí Threasaigh Teoranta

DEARADH TÁIRGE
DEARADH & TÁIRGIÚ MÚNLA
SEOMRA GLAN GRÁD 100,000

IS.EN.ISO 13485

Na hAille, Indreabhán
Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593088
Faics: 091-505961
www.wayglen.ie

Ádh mór ar Fhéile Phléaráca '09

Cogaslann Agatha

Poitigéir Teaghlaigh Áitiúil




Comhairle Poitigéara
Pharmacist Advice

Oidis
Prescriptions

Áilleacht & Íocshláinte
Health & Beauty

Agatha Bn. Uí Mhistéil
An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-595168 Faics: 091-595154
cogaslannagatha@gmail.com



IONAD EALAÍONA INIS OÍRR

Inis Oírr, Co. na Gaillimhe

Fón: 099-75150

araseanna@eircom.net
www.araseanna.ie

Finuala Ní Loinsigh Uí Fhátharta

Cúrsaí Sláinte ar Inis Meáin

Tá dul chun cinn iontach déanta maidir le cúrsaí sláinte ar an oileán ón uair a ceapadh an bhanaltra Hedderman mar bhanaltra ceantair ar an dá oileán, Inis Meáin agus Inis Oírr in 1903. Is dócha gurbh í seo an chéad altra a ceapadh ar na hoileáin agus deirtear sa leabhar a scríobh sí féin faoin am a chuaigh sí amach ar na hoileáin gur thaobhaigh sí an post nua le spiorad an crasaidí. Mhóthaigh sí go bhfuair na hOileánaigh an-deacair é glacadh léi.

Ní chuireann sí mórán eolais ar fáil fúithi féin go pearsanta agus níl sé soiléir cén t-oileán a raibh cónaí uirthi. Insíonn sí gur chaith sí roinnt ama ar an dá oileán. Sa leabhar déanann sí tagairt do ghlaoh a chur sí ar dhochtúir i gcás práinne ach ní dheireann sí gur ón mórthír nó ó Inis Mór a tháinig sé. Scríobhann sí faoi na hócáidí is contúirtí a tharla di féin agus de chriú na curai agus iad ag taisteal idir an dá oileán le freastal ar ghlaonna práinneacha oícheanta geimhrí. B'iad na curacha an t-aon modh taistil idir na hoileáin an uair sin. Cuireann sí síos go cruinn ar an bhfanacht a bhí acu le ham le dul amach agus le theacht i dtír. Ní raibh ann ach an trá nó an slip le theacht i dtír air.

Ag an am sin bhí na daoine aineolach i dtaobh sláinte an duine agus chreid said i leigheas baile agus piseoga. Rinne sé seo obair an altra níos deacra mar ní chuirte fíor uirthi go dteipeadh ar an leigheas baile nó go mbíodh an duine ar leaba an bháis.

Thar na mblianta tháinig feabhas ar an gcóras sláinte agus ar oideachas na ndaoine. Bhí dul chun cinn mór déanta i dtaobh seirbhísí sláinte ar an oileán nuair a ceapadh mise mar Altra Sláinte Poiblí breis is scór bliain ó shin. Bhí altra lánaimseartha lonnaithe ar an oileán agus bhí seirbhís dochtúra ar fáil lá sa gcoicís. An t-aon ní don tseansaol a chleacht mise mar altra nuair a thosaigh mé ag obair anseo ná usáid a bhaint as curach. Cé go raibh céibh na Córa tógtha, bhí amanna ann nach raibh an bád tarrthála in ann a theacht le céibh mar go mbíodh an taoide amuigh. Is iomaí uair a bhí orm dul amach i gcurach ag an slip leis an duine tinn a thabhairt go dtí an bád tarrthála. Á mbeadh an oíche gránna agus bogadh sa bhfarraige chaithfeadh criú na curai fanacht le ham, cosúil leis an gcur síos a bhí ag an mbanaltra Hedderman ina leabhar faoi na cuid eachtraí féin, sula n-íomráidís amach go dtí an bád tarrthála. Le taobh an bháid tarrthála tharraingeofaí suas mé féin agus an t-othar ón gcurach isteach sa bhád. Théinn go Ros a Mhíl leis an othar ansin áit a mbíodh an t-otharcharr ag fanacht chun an duine a thabhairt chun an ospidéal. Cuireadh síneadh agus doimhniú le céibh na Córa agus ní gá do na curacha dul amach ag an mbád tarrthála níos mó. Tá eitleán agus héileacaptar ar fáil anois.

Chomh maith le hinfrastruchtúr an oileáin a bheith feabhsaithe, cuireadh seirbhísí sláinte eile ar

fáil. Tá seirbhísí altra curtha ar fáil fiche ceathair uair an chloig seacht lá na seachtaine; meadaíodh seirbhísí an dochtúra teaghlaigh go dtí trí mhaidin in aghaidh na seachtaine. Tagann na seirbhísí eile go rialta chun an oileáin...mar shampla.....

Coslia, fisiteirpe, radhacreolaí agus seirbhísí eile de réir mar a bhíonn éileamh orthu. Tá cumamm d'Ord Mhálta bunaithe ar an oileán. Tugann said an aosach le chéile uair sa choicís. Cuireann siad béile agus imeachtaí sóisialta ar fáil dóibh. Chomh maith leis sin tugann said lámh chúnta don altra más gá.

Tá sé os cionn céad bliain ó tháinig an chéad altra chun an oileáin agus tá go leor déanta ó shin ach tá spás ann le tuilleadh forbartha a dhéanamh. Ba mhaith liomsa go mbeadh na seirbhísí sláinte ar fad faoi aon díon amháin ar an oileán. Chuirfeadh sé seo go mór le cúram éalainge an othair. Tá suíomh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a n-oibríonn an t-altra as, bheadh sé oiriúnach ach é a athchóiriú. Sin é 'Teach na Stocaí', tá stair ag baint leis an bhfoirgneamh seo freisin ach sin do lá eile.

Finuala Ní Loinsigh Uí Fhátharta
Altra Sláinte Poiblí, Inis Meáin

MARINE TIMES

Príomh nuachtán na Mara

Ag tacú leis an tionscail iascaireachta &
le pobal an chósta

Ar fáil anois ar líne @ www.marinetimes.ie
Teil: (074) 9738836 Faics: (074) 9738841
R-phost: marinetimes@eircom.net



Bringing you more news, views
& stunning imagery every month
Marine Times Newspaper

Oisín i dTír na nÓg

Bhuel ... tá sé tuairim is cúig bliana ó shin ó rinne mé páirt Oisín i ngeamaireacht an Phléaráca, páirt a thug mé go Tír na nÓg in éineacht le stompa bréa darbh ainm Niamh Chinn Óir. Bhí sé aisteach gurbh é m'athair féin (Tommy Khate) a bhí ag déanamh páirt Fhionn Mac Cumhail (athair Oisín) sa ngeamaireacht sin, mar go raibh air slán a fhágáil liom arís agus mé ag fágáil le haghaidh tír a d'fhéadfá a rá atá chomh breá le Tír na nÓg An Astráil.

Idir a bheith dífhostaithe tar éis na hAoine duibhe sin roimh Rásaí na Gaillimhe anuraidh agus a bheith beagnach imithe craiceáilte ag báisteach agus míoltóga beaga, shocraigh mé féin agus mo ghiotár buaileadh linn go Sydney. Ara nárbh fhearr é ná bheith ag breathnú síos sa tine, mar a dúirt mé le mo mháthair.

Bhí cúpla cara liom i Sydney cheana agus bhí sé molta go hard acu, ach an fáth is mó gur tháinig an Astráil isteach i m'intinn ná gur chaith uncail liom, Cóilín, beannacht Dé leis, an chuid is mó dá shaol ann, thíos i Melbourne. Bhí fear eile as Ros Muc, Beartla Mhicil, ina chónaí sách gar dhó ann freisin. Tháinig sé ar an ticéad deich bpunt anonn as Sasana ar thuras báid a thóg cúpla mí, agus bhí drogall ormsa a bheith ar eitleán ar feadh cheithre huaire fichead. Chuaigh m'athair ar cuairt aige ar feadh roinnt míonna i 1993 agus d'fhéadfá a rá go raibh sé ar m'intinn féin dul ann riamh ó shin.

An chéad oíche dom i Sydney cé a casadh dúinn sa bPub Éireannach, P.J. O Briens sna Rocks, ach Foireann Peile na hÉireann a bhí tar éis an



Ó Chlé thuas: Breandán Ó Nia (Camus), James Donnellan (Béal Átha na Slua), Brian Tommy Khate Ó Mainín (Rosmuc), Tomás Ó Máille (Doire Iorrais)
Ó Chlé thíos: Éamonn Donnellan, a mhac Micheál & a bhean Sibéal Ní Mháille Donnellan (Doire Iorrais)

ceann is fearr a fháil ar An Astráil sa sraith 'International Rules' thíos i Melbourne cúpla lá roimhe sin. Bhí siad an-suáilceach agus áthas orthu labhairt linn agus neart amhrán a chasadh. 'An-áit é seo' a dúirt mé i m'intinn féin.

Caithfidh mé a rá gur cúnamh mór a bhí ann go raibh aithne agam ar dhaoine anseo nuair a tháinig mé. Thug Pocaidí Sydney, bail ó Dhia orthu, aire mhaith dom tar éis dom teacht agus tá mé thar a bheith buíoch díobh faoin gcúnamh a thug said dom socrú síos. Tá sé chomh maith duit a rá go bhfuil Gaeltacht bheag i Sydney is a bhfuil de dhaoine as idir Ros Muc, Charna, Leitir Móir, An Cheathrú Rua agus Indreabhán feicthe agam. Bíonn sé beagnach ina mharú scaití ag caint ar pheil le cuid acu. Sean spiteanna

feamainne is dócha! Tar éis cúpla seachtain a chaitheamh ag breathnú timpeall na háite agus ag tabhairt cuairt ar radhairc bhreátha, Sydney Harbour, An Opera House, Bondi Beach agus a leithéid, bhí sé in am agam dul ar thóir poist dom féin.

Cé nach raibh an cúlú eacnamaíochta ag cur as chomh mór sin don Astráil agus a bhí sé do Mheiriceá agus an Eoraip ag an am (mí na Samhna seo caite), bhí an scéal ag dul thart go raibh 'backpackers' ar nós mé féin á fháil deacair post a fháil. Tá an Astráil, ar nós a bhí Éirinn le deich mbliana anuas, tar éis a bheith faoi bhorradh mór millteach eacnamaíochta agus bhí éileamh mór ar fhir cheirde, ailtirí, innealtóirí, dochtúirí agus banaltraí as Éirinn agus as thart timpeall an

domhain chun cabhrú leis an nganntanas oibrithe a bhí ag an Astráil. Ach mar atá rudaí ar fud an domhain anois, bhí sé ag fáil deacair post a fháil, fiú amháin do dhream as an Astráil féin. Tar éis dom mo chéim san ailtireacht a bheith bainte amach agam bhí mé féin ar thóir post le comhlacht ailtireachta. D'éirigh liom post a fháil le comhlacht ailtireachta a dhéanann dearadh ar fhoirgnimh sláinte ar nós ospidéal agus a leithéid.

Shocraigh mé síos tapa go maith leo agus taitníonn sé go mór liom. Bíonn mé ag múineadh corrfhocal Gaeilge do na Aussies atá san oifig ach ní féidir liom scríobh cé na focail iad féin! Tá mé ag obair ar ospidéal nua atá á thógáil thuas i dtuaisceart New South Wales, i mbaile ar a dtugtar Orange. Tá sé an-suimiúil a bheith ag obair ar ospidéal le hais tithe agus árasáin mar a raibh cleachtadh agam air sa mbaile.

Tá meas mhór ar oibrithe na hÉireann anseo mar gheall ar an gcaighdeán ard scoile, ollscoile agus ceirde atá acu agus freisin mar gheall ar chomh crua is a oibríonn said le hais na Aussies féin.



Éireannach a casadh orainn ar an lá, & Colm Ó Dhroighneáin (Rosmuc)

Ag an deireadh seachtaine bíonn an-time againn ag dul ar an trá i mBondi, amach i mbád i Sydney Harbour, nó suas go dtí na Blue Mountains atá ó thuaidh do Sydney agus tugtar cuairt ar an Cock and Bull i mBondi Junction corr uair freisin.

Go minic téann muid ag campáil le chéile amach faoin tír agus bíonn neart amhrán Gaeilge le cloisteáil go hard san aer ón suíomh campála tar éis neart Touhey's New a bheith ólta. Tá aithne curtha agam ar roinnt ceoltóirí Éireannacha a bhíonn ag casadh ag seisiúin ar fud Sydney agus is breá an rud port breá briomhar Gaelach a chasadh agus tú ar an taobh eile den domhan. Déanaim cinnte go mbíonn Amhrán Sheáin Uí Mhainín casta go bródúil am ar bith a fhaighim an deis freisin.

Maidir leis an Nollaig, ní raibh mórán cuma Nollag air caithfidh mé a rá. Bhí sé aisteach lá Nollag a chaitheamh agus péire shorts orm agus a bheith ag fáil bháis leis an teas agus é beagnach 40 céim. Diabhal caint a bhí ar chuartú dreoilíní oíche lá Nollag ach an oiread agus dá mbeadh an dreoilín féin le fáil agus é i gcrúsca, bheadh an créatúr bruite ag an teas.

Bhí ceiliúradh mór anseo le haghaidh Lá Fhéile Pádraig. Idir an pharáid a chuaigh síos tríd lár na cathrach agus an cheolchoirm mhór a bhí i Hyde Park ina dhiaidh, bhí an-lá ann agus bhí timpeall is 35,000 duine ag an gceolchoirm. Casadh an tAire Éamonn Ó Cuív agus a bhean chéile orainn, a bhí ar chamchuairt ar Sydney le haghaidh an lae. D'iarr mé air an mbeadh seans ar bith deontas a fháil chun go mbeadh mé in ann dul abhaile ar cuairt le haghaidh Comórtas Peile na Gaeltachta atá á reáchtáil i Ros Muc i mbliana ach, mar a deir



Éireannach a casadh orainn ar an lá, Gearóid Ó Conthaola & Bríd Ní Dhroighneáin (Rosmuc).

Máirtín Tom Sheáinín, níl aon mhaith déanta.

Taitníonn Sydney go mór liom, caithfidh mé a rá. Tá go leor le déanamh ag an aimsir bhreá leis chomh maith leis an gcaighdeán maireachtála agus an áilleacht atá ag baint leis an áit. Is cinnte go n-airíonn mé uaim an baile scaití, go mór mór agus Comórtas Peile na Gaeltachta á reáchtáil ar Pháirc an Ghoirt Mhoir an samhradh seo, ach beidh an brat marún agus uaithne crochta go hard i Sydney ag na Pocaidí agus ag na Maicíní agus muid ag éisteacht go géar leis na cluichí ar an idirlíon. Go n-éirí leis na Píarsaigh.

Tá sé i gceist agam roinnt taistil a dhéanamh amach anseo, agus thug mé cuairt ar New Zealand ar feadh deich lá le gairid agus is álainn go deo an áit é. Fanfaidh mé anseo ar feadh tamaill nó go mbeidh feabhas ar rudaí sa mbaile agus nuair a bheas le cúnamh Dé, beidh Oisín ag dul ar ais ar a chapall bán go hÉirinn arís agus b'fhéidir Niamh Chinn Óir in éineacht leis.

G'day agus slán as Sydney!
Brian Tommy Khate Ó Mainín

Comharchumann Inis Meáin Teo.

Bunaíodh Comharchumann Inis Meáin ar an 30ú Eanáir 1976.

Liosta de na Tograí atá curtha i gcrích go dáta agus a bhfuil an Comharchumann ag laimhseáil ó lá go lá.

- 1976 – Monarchan Cniotála a bhunú.
- 1978 – Scéim Leictreachas a insealbhú.
- 1977/1978 – Teach Gineadóireachta a thógáil.
- 1979 – Aerstráice a fhorbairt.
- 1980 – Monarcha Ceardaíochta a thógáil don Údarás.
- 1980/1981 – Cheannaigh an Comharchumann bád paisnéirí – 12 duine.
- 1981 – Athchóirithe ar Halla an Oileáin.
- 1982/1983 – Insealbhú Taiscumar Uisce – 500,000 galún.
- 1983 – Cuireadh leathnú leis an Monarcha Cniotála.
- 1984/1985 – Insealbhú Scéim Leictreachais.
- 1986 – Bóthar Nua ón Aerstráice go dtí an baile.
- 1987 – Tearra ar an Aerstráice / Obair ar Bhóithre.
- 1988 – Tógáil Páirc Peile / Obair ar Bhóithre.
- 1989 – Ionad a thógáil do Telecom.
- 1990 – Céibh a thógáil ag an gCaladh Mór.
- 1991 – Soilsí a insealbhú ar an aerstráice.
- Obair ar Bhóithre.
- 1991 – Athchóirithe ar Theach Synge.
- 1992 – Bunú Coláiste Gaeilge ar an Oileán.
- 1993 – Deireadh Seachtainí Cultúrtha a eagrú.
- 1994 – Athchóirithe ar an Halla Pobail.
- 1995 – Tuilleadh Forbartha ar an gColáiste Gaeilge.
- 1996/2005 – Tógáil Ionad Tumadóireachta.
- Tógáil Cheithre Theach Saoire.
- Bunú Naíonra Eoin.



COMHARCHUMANN INIS MEÁIN TEO

Inis Meáin,
Árainn,
Cuan na Gaillimhe

Fón: (099) 73010

Faics: (099) 73052

R-phost: ccimeain@indigo.ie

Bunaíodh Comharchumann Inis Meáin ar an 30ú Eanáir 1976.

Tá páirt lárnach ag an gComharchumann i saol laethúil phobail an oileáin. Cuireann an Comharchumann réimse leathan seirbhís ar fáil, tá líon mór tograí curtha i gcrích acu ó bhunaíodh iad i 1976.

- Bunú Coláiste Naomh Eoin.
- Tógáil 3 Mhuilleán Gaoithe.
- Insealbhú Córas Dí-Shalannú Uisce.
- Tógáil Ionad Fiontraíochta.
- Tógáil Foirgeamh ag an Aerstráice.
- Athchóirithe Tithíocht don Aosach.
- Tógáil Oifigí nua don Chomharchumann.
- Tógáil Leabharlainne.
- Seirbhís Paisnéirí/Lasta.
- Bunú Coiste Spóirt agus Siamsa.
- Bunú Ionad Ceardaíochta.
- Tógáil 3 Thaiscumar Uisce.
- Scoláireachtaí a chur ar fáil do Choláiste Naomh Eoin.
- Plean Inmharthana don Oileán a réiteach.
- Tanc Beag ag Carcair Mheairt.
- Seirbhís Leathan Bhandá.
- Scéim Athlonnaithe.
- Córas Glantacháin.
- Forbairt Céibh an Caladh Mhoir.

Cuireann an Comharchumann Seirbhís Laethúil ar fáil don Phobal ar chuile chineál bealach a dteastaíonn sé.

Ó Láimh an tSaoir

Seo curach dhá sheas a thóg Micheál Ó Neachtain as Doire Iorrais, as a stuaim fhéin. Leaid óg 14 bliana d'aois atá ag freastal ar Choláiste Cholmcille in Indreabhán.

Déanann sé adhmaadóireacht ar scoil, sé an t-ábhar is fearr leis é. “Bhínn ag breathnú ar m’uncail Cóilín agus ar saoir eile ag déanamh curachaí sa Tuairín”, a dúirt Micheál, is as sin a fuair mé an smaoineamh curach a dhéanamh mé fhéin. Níor cheannaigh mé aon adhmaid lena haghaidh, d’úsáid mé píosaí adhmaid a bhí fanta thart agus fuair mé an canbhás ó ghaol linn a bhíonn ag déanamh curachaí.

Curach dhá sheas, Lassie a thug mé uirthi tá sí 15 troigh ar fad. Bhain mé an-sásamh as a bheith ag obair uirthi is iontach an caitheamh aimsire é. Tá maidí rámha le déanamh fós agam lena haghaidh agus ansin beidh mé in ann dul ag iascach ar Loch an Bhaile inti.



Christopher Ó Máille & Micheál Ó Neachtain as Doire Iorrais



Strathroy
Ireland

Strathroy Dairies is a privately owned family business set up in 1995. It offers very competitive dairy product prices across the island of Ireland.

Strathroy Ireland,
Unit 5B Stadium Business Park,
Ballycoolin,
Dublin 11.

Tel: (01) 8829199
Fax: (01) 8229198
www.strathroydairies.ie

For west of Ireland contact Ollie at: (086) 8102784

Coiste Spóirt & Siamsa Inis Meáin

Imirt Chártaí - Lotto Seachtainiúil - Drámaíocht.

Deireadh Seachtaine Spóirt 31 Iúil - 2 Lúnasa 2009
Rása Báid Seoil 20 Meitheamh 2009

Guimíd chuile rath ar Fhéile na Bliana seo.



Éamon de Valera, Máirtín Shiúnach Ó Conghaile & Ruairí Rodger Ó Conceanainn

Arramara Teo.

Cill Chiaráin,
Conamara,
Co na Gaillimhe



Fón

095 33404/33417

Facs

095 33494

e-phost: info2@arramara.ie

www.arramara.ie

Ruairí Ó Conchubhair Teo.

Leitir Móir,
Co. na Gaillimhe

Meaisín ATM ar fáil
Off Licence
Oscailte ó 7.30 r.n. - 8.30 i.n.
Siopadóir, éadaigh agus
chuile chinéal earra.

Fón: 091-551388

LASTAMARA TEO.

Estáit Tionsclaíocht Ros a' Mhíl
Ros a' Mhíl
Co. na Gaillimhe.

Fón: 091-506704 Facs: 091-506893
Ephost: info@lastamarateo.com

Tá LASTAMARA TEO. ag aistriú as
Gaillimh go Ros a' Mhíl ar an
5 Bealtaine 2009

Uaireanta Oifige ó Luan go Aoine
8.00r.n - 1.00 i.n.
2.00i.n - 4.00 i.n.

Glacfar le seachadhadh lastas
go dtí 3.00 i.n.

Beidh na seirbhísí céanna ar fáil i Ros a' Mhíl
agus atá ar fáil i nGaillimh i láthair na h-uaire.

Gach eolas ó LASTAMARA TEO.
New Docks, Galway ag 091-568942



Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 091 593301
Facs: 091 593303

Troscán & Soláirtí Oifige



Cartai Bainise



AON ÁBHAR ATÁ UAIT I gCÓIR NA hOIFIGE
TÁ SÉ AGAINN

Turlach de Blácam

Cniotáil Inis Meáin Teoranta – Scothfhaisean do mhargaí an domhain

Tá cniotáil Inis Meáin ag dearadh is ag cniotáil geansaithe agus scothearraí eile as snáth luachmhar le os cionn 30 bliain. Díoltar tairgí Chniotáil Inis Meáin ar fud an domhain ach is i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa tSeapáin, sa Ghearmáin, san Fhrainc, san Eilbhéis agus san Iodáil atá a gcuid príomh-mhargáí.

Cniotáiltear earraí i stíl chomhaimseartha ardfhaisin, bunaithe ar dhathanna agus ar thraidisiúin chniotála an oileáin. Cuireann an comhlacht bailiúchán i láthair an mhargaidh gach leath-bhlian le h-aghaidh seasúr an earraigh agus le h-aghaidh seasúr an fhómhair.

Glacann an comhlacht páirt sna haontaí faisin is mó le rá ar fud an domhain faoi dhó sa bhliain i bhFirenze na hIodála agus i bParás na Fraince.

Tairgíonn Cniotáil Inis Meáin earraí cniotáilte do na siopaí is faiseanta ar fud an domhain. Tá an déantúsaíocht ar fad coinnithe san oileán ó bunaíodh an comhlacht sna seachtóidí, ainneoin comhlachtaí eile cniotála ar fud na hÉireann agus na Breataine a bheith ag dul as feidhm le linn na tréimhse sin.

Téann 95% de thairgíocht Chniotáil Inis Meáin amach as an tír agus tá an branda INIS MEÁIN le fáil i gcuid de na siopaí idirnáisiúnta is cáiliúla – BERGDORF GOODMAN agus BARNEYS i Nua-Eabhar, ISTEAN i Tokyo srl... agus i gcuid de na Boutiques is cáiliúla san Eoraip. Is siopaí atá ag cruthú

stíl dá gcuid féin, neamhspleách ar na brandaí móra, agus atá ag tairiscint eadaí úrnua da gcuid custaiméirí CNIOTÁIL INIS MEÁIN. Ar an gcaoi seo cuirtear INIS MEÁIN i láthair an phobail mar tháirge de shaincheird as oileáin iargúlta in Iarthuaisceart na h-Eorpa.

Úsáidtear amhábhbar nádúrtha den scoth i gconaí, baby alpaca agus caismír san mbailiúchán geimhridh; agus lín agus síoda san mbailiúchán samhraidh.

Ceaptar go minic gur tionscail é seo nach bhfuil mórán de stíl na teicneolaíochta ag baint leis. Ní amhlaidh atá Cniotáil Inis MEÁIN. Úsáidtear an teicneolaíocht is nua-aimseartha le h-aghaidh táirgíocht agus tá teicneoirí fostaithe go lánaimseartha ag scríobh ríomhcláir dár gcuid innealra uathoibríoch.

Tá foireann oilte ag CIM Teo. a thuigeann an caighdeán atá ag teastáil le freastal ar an leibhéal seo sa mhargadh agus murach a gcuid saothar ní bheimis ann.

Tá sé i gceist ag an gcomhlacht leanúint leis an bpolasaí seo, ag solathar earraí cníotáilte atá ar ardchaighdeán ó thaobh dearadh agus ábhar do na siopaí is fearr ar fud an domhain. Freisin tá rún ag an gcomhlacht úsáid a bhaint as dea-cháil an bhranda le hearraí nua a thairiscint dár gcuid custaiméirí. Chuige sin tá togra nua margaíochta arna thacú ag Údarás na Gaeltachta faoi lánseol le cúpla mí anuas.

Turlach de Blacám



Coláiste Ísliomáin

Inis Meáin
Oileáin Árann
Co. na Gaillimhe, Éire

Fón: (01) 6403568
Fón Póca: (087) 4156227
Suíomh: www.colaisteisliomain.ie
E-phost: info@colaisteisliomain.ie

Cúrsaí 2009

- Cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta / Irish courses for adults
- Cúrsaí Gaeilge do mhúinteoirí bunscoile / Irish courses for primary teachers
- Cúrsaí Gaeilge do dhéagóirí / Irish courses for teenagers
- Cúrsaí Gaeilge do mhúinteoirí SCG / Irish courses for SCG teachers.

Tá na cúrsaí ar fad ceadaithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. All courses are approved by the Department of Education and Science.

Neylon & Company

Cuntasóirí Cairte

Páirc Teicneolaíochta na Gaillimhe

An Pháirc Mhór, Gaillimh

Iniúcháirí Cláraithe
Comhairle Airgeadais
Pleánáil Cánach
Iarratais ar dheontais Stáit & Iasachtaí
Bunú agus rúnaíocht Comhlachtaí

Déan teagmháil ar do thoil le Joe Neylon

Teil: 091-735800
Faics: 091-765589
Ríomhphost: info@neylon.ie

Le gach dea-ghuí don Phléaráca 2009

EUROPUS

AN COMHLUCHT TEANGA

Comhairleoireacht Teanga

Aistriúcháin Fotheidealú
Aistriúcháin Comhuaineach

EUROPUS TEO

An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

Teil: (091) 572082
Faics: (091) 572335

Ríomhphost: eolas@europus.ie
www.europus.ie

Stiúrthóir: Áine Ní Chonghaile

Abair ceart é - abair trí Europus é

Treasa Faherty

An Dún,
Inis Meáin,
Oileán Árann,
Co. na Gaillimhe

Middle Island,
Aran Islands.

Fón/Facs: +353 (0) 99 - 73047

Bialann - Leaba & Bricfeasta
Restaurant - B&B

E-phost: anduninismeain@eircom.net
Suíomh Idirlín: www.inismeainaccommodation.com

Pléaráca Teo. Clár Forbartha Pobail (CDP)



Clár do Dhaoine Fásta

Ceardlanna Oíche agus Deireadh seachtaine do Fhir agus do Mhná - Peintéireacht, Caoladóireacht, Fíodóireacht, Gloine Daite (Stained Glass), Potadóireacht agus Scribhneoireacht Chruthaitheach le tacaíocht ó Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

Taispeántais Ealaíne de shaothar na gceardlann

Féile Phléaráca Chonamara - Féile bliantúil atá ar siúl ó 1991

An CyberCaifé - An Caifé Cabach

Seirbhís Leabharlainne le tacaíocht ó Leabharlann an Chontae

Ionad Seirbhísí Teanga le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta

Seirbhís Oifige agus Eolais don Phobal

Campa Samhraidh le tacaíocht ó an Roinn Gn.PT&G
Beidh an campa ar siúl ón 29 Meitheamh - 10 Iúil 2009.

Eolas: 091 - 574346
www.plearaca.ie



Clár Litríocht & Drámaíocht don Óige

le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta & An Chomhairle Ealaíon

Misiúin

Ceardlann d'ard chaighdeán Drámaíochta agus Litríocht a chur ar fáil, Scríbhneoireacht Chruthaitheach na Gaeilge a chothú don todhchaí agus misneach a thabhairt do na scoláirí ina gcuid cruthaitheachta féin, ag tacú le misean Phléaráca Teo.

Déanann an clár freastal ar Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Chonamara.

An Clár don bhliain 09/10

1. **An Ciorcal** - Ceardlann Prós & Filíocht do Scoileanna dara léibhéil.
2. **Scríbhneoireacht Amhrán** - Srath ceardlainn faoin téama seo le áisitheoir a bhfuil taithí leathan aige/aici.
3. **Féile Leabhar Bricíní** - Aonach Leabhair Gaeilge, do Bhunscoileanna agus Meánscoileanna, bíonn siamsaíocht ar siúl anseo freisin.
4. **Fuint Focal** - Féile Litríochta do dhéagóirí. Deireadh seachtaine lán le ceardlainn & imeachtaí shóisialta.
5. **Léitheoireacht Beartla Broc** - Togra Léitheoireachta dírithe ar Bhunscoileanna. Tá dhá leabhar eisithe sa srath leabhair Beartla Broc, 'Beartla Broc & na Focail Draíochta' agus 'Bon Voyage Beartla Broc'.
6. **Club Léitheoireacht do dhéagóirí** - Club Léitheoireachta do Iarbhunscoileanna.
7. **Scríbhneoir Cónaitheach sna Bunscoileanna** - Cumadóireacht agus scríobh as Gaeilge.
8. **Drámaíocht sna Bunscoileanna (RéaltÓga)** - Sraith ceardlainn drámaíochta le áisitheoir le taithí maith. Rogha seó RealTÓga ag deireadh na bliana má bhíonn éileamh air.
9. **Ceardlann drámaíochta do ghasúir óga** - Deis do thuismitheoirí a bheith páirteach, agus feiceál cé chomh tábhachtach agus atá an drámaíocht do fhorbairt an ghasúr.
10. **Deireadh seachtaine traenála do Áisitheoirí** - Traenáil le h-aghaidh ceardlann Litríocht agus Drámaíocht a thabhairt.



17 Deireadh Fómhar

Lá Idirnáisiúnta na Náisiúin Aontaithe ar san Díothú na mBochtaineacht

Déantar ceiliúrtha ar an lá seo ar bhealaigh difriúla ar fud an domhan gach bliain. Ar an lá seo tugtar cuireadh do dhaoine labhairt amach in aghaidh bochtaineacht agus toirmeasc shóisialta, agus smaoineamh ar bhealaigh gur féidir deireadh a chur le neamhionannas.

I 2008, d'eagair Pléaráca, le maoiniú ón Combat Poverty Agency, togra ealaíne le bunscoileanna an Droma agus Leitir Caladh. Chuaigh beirt aoi-chainteoir, Caitlín Uí Chonghaile agus Aisling Ní Thuathail, chuig na scoileanna chun labhairt leis na páistí faoi bochtannas agus an taithí a bhí acu féin ag obair le daoine bochta agus ag bailiú airgead ar a san. Ansin, chuaigh ealaíontóir, Bernie Seoige as Rosmuc, isteach sna scoileanna agus d'oibrigh sí ar phósáí ealaíne leo.

Rinne an dá scoil obair iontach agus ar an 17 Deireadh Fómhar bhí taispeántas do na saothair ealaíne i Muintearas, Tír an Fhia. Eimear Ní Chonaola ó Nuacht TG4 a sheol an taispeántas agus bhí siamsaíocht ón Sorcas Beag. Bhí an-lá againn ar fad agus bhí an obair ealaíne ón dá scoil ildhathach agus spreagúil. Ní amháin go raibh pictiúirí iontacha



Scoil Náisiúnta An Droma, Leitir Mór

déanta acu, ach bhí mapaí le staitisticí agus eolas faoi bhochtaineacht agus na bealaigh a ghoilleann sé ar tíortha difriúil. Bhí sé soiléar go raibh macnamh déanta ag na páistí ar an téama agus b'shin é an toradh is fearr ar an togra.

I 2009 tá súil ag Pléaráca togra eile a eagrú do 17 Deireadh Fómhair. Tá iarratas déanta ar an Combat Poverty Agency chun maoiniú a fháil chun piosa scannánaíocht gearr a thaifead i Rosmuc le grúpa daoine óga, 13/14 bliain d'aois, faoi bhochtaineacht. Beidh tuilleadh eolas faoi seo amach anseo má fháigheann muid maoiniú.

Máire Pháidín Uí Mhaoilchiaráin

Máire Pháidín Uí Mhaoilchiaráin ag cur síos do Mheta Uí Mháille ar shaol an oileáin le linn a hóige, ar an tréimhse a chaith sí Meiriceá agus ar shaol an oileáin inniu.

Sea is as an oileán seo mé, rugadh agus tógadh anseo in Inis Meáin mé. Ar Bhaile na Creige a rugadh mé, bhí seanteach againn ann. Tar éis roinnt blianta tháinig scéim amach le haghaidh tithe nua agus thóg m'athair teach nua ar Chinn a' Bhaile, an baile is faide siar ar an oileán. Bhí mé naoi nó deich de bhlianta nuair a chuaigh muid go Cinn a' Bhaile. Mairéad Pháidín Johnny a thugtaí ar mo mháthair. Ba Flathartach í sa Baile na Seoigeach. Seán Ó Conghaile a bhí ar m'athair as Baile na Creige ó thúis.

Tá bailte go leor ar an oileán – Baile an Bhóthair, an baile is faide soir atá ag dul go dtí an fharraige. Móinín na Ruaige, Baile an Leisín, sin é an baile a bhfuil mé féin air, Baile an Teampaill, Baile an Dúna, Baile na Creige, Baile na Seoigeach, Cinn A' Bhaile, Gort an Rí agus Cnogán an Ghé. Bhí teaghlach mór againn ann dhá dhuine dhéag, cúigear deartháireacha, cúigear deirfiúracha agus mé féin. Fuair duine eile cailín beag, Nóirín bás ina páiste. Bhí mise ar an duine ba shine, bhí Bríd, Peige, Saile nach maireann, Treasa, Seán, Páidín, Colm, Stiofán, agus ba é Peadar an duine is óige sa chlann. Bhí cuid mhaith acu i Meiriceá. Tá beirt sa bhaile Seán agus Peadar atá ina gcónaí ar an oileán. Bhí Colm agus Páidín, nach maireann, i Meiriceá.

Bhí an saol crua ag an am sin, fataí is mó a bhíodh againn nuair a bhí mise ag éirí suas. Arán nuair a bhíodh plúr le fáil ach bhí plúr gann. Is minic a bhíodh orainn an cáca boic a scríobadh. Rinne muid an oiread de sin. Thaitin sé le m'athair. Bhíodh grideall ag mo mháthair agus bhíodh sí dá bhrúth dúinn agus bhíodh muidé dá ithe de réir mar a bhí sí dhá bhrúth. Cáca boic a thugadh muidé air.

Sa samhradh bhíodh iasc fairsing, d'fhaighimis ó dhaoine eile é mura mbíodh sé againn féin. Bhíodh sé lena suipéar againn leis na fataí. Bhíodh an bainne agus neart uibheacha againn, ach thairis sin ní mórán feola a bhíodh



Máire Pháidín - bhí sí thart ar seacht mbliana sa bpictiúr seo. Sa chúla bhí na fir ag cur beithí ar an 'steamer' go Gaillimh ag an margadh. Sna cléibh tá éadach tirim do na fir le tabhairt leo.

againn, bagún anois agus arís agus caoireoil nuair a mharáití caora. Ní mórán iascach a rinne m'athair, bhíodh sé ar an gcarraig ceart go leor, thaitin ballaigh leis. Mharódh sé ballaigh agus chuireadh sé salann orthu i gcomhar an gheimhridh agus bhíodh siad againn le fataí.

Ag obair ar an talamh a bhíodh sé, tá a fhios agat bhí talamh aige agus roinnt beithíoch. Choinneodh an obair ar an talamh cruógach é agus ag iarraidh a bheith ag cur fataí agus chuile shórt mar bhíodh go leor fataí ag teastáil le haghaidh beithíoch agus muc. Bhíodh na fataí go maith acu chuireadh siad feamainn agus aoileach orthu, thugadh siad an-aire dóibh. Bhí i gcónaí ó mhí Bealtaine á nglanadh agus ag cur spray agus chuile shórt orthu.

Bhíodh muc sa mbaile againn i gcónaí, ba le díol a bhíodh sí, ach is cuimhin liom bliain amháin gur maraíodh muc, bhí lá mór acu an lá a maríodh an mhuc. Mharáíodh siad caora anois is arís b'fhéidir faoi Shamhain agus faoi Nollaig ach ní cuimhne agam ar an mhuc amháin a maraíodh mar ba lá mór é.

I gcomhar na Nollag go hiondúil mharáíodh siad caora nó sin b'fhéidir gur piosa bagúin a bheadh ann. Ní bhíodh aon fheoil turcaí chor ar bith ann. Caoireoil is minicí a bhíodh i gcomhar na Nollag.

Bhíodh caint ar Santa ceart go leor ach ní raibh aon cheo ann, b'fhéidir go gcuirfeadh mo mháthair oráiste, cúpla

milseán dá mbeadh siad le fáil nó cúpla pingin sa stoca, sin a raibh againne ar aon chaoi.

Ní raibh aon sagart ar an oileán, bhíodh air a theacht as Inis Oírr i gcónaí. Bhíodh sé ag fanacht sa teach seo. Fiú amháin tar éis pósadh dom bhíodh sé ag fanacht anseo ar feadh suas le cúig bliana déag ag an deireadh seachtaine.

Bhí daonra mór ar an oileán le linn domsa bheith ag éirí suas. Bhí go leor gasúir ag dul ag an scoil, sin siar sna ceathrachaidí. Bheadh go hard os cionn an chéad, suas le céad go leith cheapainn. Bhíodh trí nó cheithre row déanta taobh amuigh den scoil, dhá row buachaillí agus dhá row cailíní nuair a bhíodh muid ag teacht isteach, mar a thugtaí air ó out to play, le mbíodh ann. Beirt mhúinteoirí a bhí ann ag an am. Ní raibh sa scoil ach dhá sheomra ach cuireadh seomra eile aiste ansin níos deireanaí, agus ina dhiaidh sin bhí na huimhreacha sin ag laghdú.

Annie Hearse agus Bean Mhic Dhonncha na múinteoirí a bhí sa scoil ag an am sin. Máistreás Dharach a thugadh muid ar Bhean Mhic Dhonnacha. Chuala mé go bhfuil sí beo fós, chaithfeadh aois mhór a bheith aici.

Bhí monarcha beag ar an oileán agus nuair a bhí mé réidh le scoil chuaigh mé ag obair ansin. Ag déanamh stocaí don arm a bhíodh siad ann. Bhí sé iontach bheadh cúpla pingin agat le haghaidh an tsiopa ar an mbealach abhaile. Mná ar fad a bhíodh ag obair ann, is dócha go raibh cúig déag nó sé déag ar fad ag

Seirbhísí Eolais don Phobal

faoi scáth

Mfg Teo.

agus

Citizens Information Board

Ag cur i bhfeidhm an Chláir Forbartha Áitiúil Sóisialta atá á riaradh ag Pobal Teo.

Clár ama an tSeirbhís Eolais don Phobal			
CEANTAR	OIFIG FO-ROCHTA	LAETHANTA GACH MÍ	AM
Ros Muc	Beidh Oifigeach ar fáil i Ros Muc gach lá den tseachtain ón 9.30 r.n. – 4.30 i.n.		
Iorras Aithneach	Teach an Údaráis	An dara & an ceathrú Aoine	10.30 r.n. – 1.00 i.n.
An Cheathrú Rua		An chéad & an tríú Déardaoin	10.30 r.n. – 1.00 i.n.
Ceantar na nOileán	Spórtlann Mhichael Mhoir, Páirc a' Mháimín	An chéad & an tríú Déardaoin	02.00 i.n. – 4.00 i.n.
Cois Fharraige	Oifig an Chomhar Chreidmheasa	An dara & an ceathrú Máirt	10.30 r.n. – 1.00 i.n.
Dúiche Sheoighe	Oifig C.D.S.	Gach Céadaoin	02.00 i.n. – 4.00 i.n.
An Caiseal	Ionad Pobail an Chaisil	An dara Céadaoin	11.00 r.n. – 1.00 i.n.

Clár ama an tSeirbhís Eolais don Phobal Na Trí Oilean Árann			
CEANTAR	OIFIG FO-ROCHTA	LAETHANTA GACH MÍ	AM
Inis Mór	Oifig an Chomhar-chumainn	An ceathrú Déardaoin	10.30 r.n. – 4.00 i.n.
Inis Meáin	Oifig an Chomhar-chumainn	An dara Déardaoin	10.30 r.n. – 4.00 i.n.
Inis Oírr	Oifig an Chomhar-chumainn	An tríú Máirt	10.30 r.n. – 4.00 i.n.

Máire Seoige

Ros Muc

Leaba & Bricfeasta
Loistín

091-574147



Óstán an Dóilín

An Cheathrú Rua

Gach cineál ócáide
Breith Lá, Baisteadh, Bainis & Cóisir

Club Oíche

ar oscailt ag an deireadh seachtaine

Séan Ó Loideáin

Fón/Faics: 091-595169
e-phost: sean@tijosie.com

www.tijosie.com

Amharclann Chois Fharraige

Seanscoil Sailearna
Indreabhán
Co. na Gaillimhe

Fón: 091-593017
Facs: 091-593715

Ríomhphost: cst@eircom.net



COMPLETE
LABORATORY
SOLUTIONS

SAOTHARLANN CHONAMARA TEO

ROS MUC

CO. NA GAILLIMHE

TEIL: 091-574355

FAICS: 091-574356

INFO@CLS.IE

WWW.COMPLETELABSOLUTIONS.COM

Seirbhísí Iomlán Socraide

Colm & Michael Ó Cualáin

An Loch, Baile Na Cille,
Leitir Mealláin.

Fón: 091-551077/551207

Fón Póca: 087-6455682/2310635



Bean an Tigh: Therese Conroy
Scrib, Ros Muc, Conamara, Co na Gaillimhe.
Teil: 091 574139 / 087 6360039;
Ríomhphost: dunmanusbandb@hotmail.com

Tigh Pheadair Mhóir

Banrach bán, Baile na hAbhann

Beár

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca 2009



MIANAIGH GHLEANN GABHLA

Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-552360/552021
www.glengowlamines.com

Seanmhianach Luaidhe
agus Airgid ón 19ú haois

Turais eolais gach 20 nóiméad

Máire Pháidín Uí Mhaoilchiaráin

obair ann. Ar innill a bhíodh muid ag obair ach bhíodh orainn an barr a fhuáil le láimh sa mbaile. Bhí na stocáí déanta in aon phíosa amháin as a chéile ar an innill. Bhí cailín óg eile ag obair ann, Anna Ní Fhlatharta Anna Sheáin Cheatín, thiar as Baile na Seoigeach. B'iontach an t-oibrí í, bhí sí an-mhaith. Dhéanadh muid dosaen nó dosaen go leith stoca sa ló. Thugadh muid abhaile ansin iad le hiad a fhuáil. Déarfainn gur trí scillinge agus sé pingine an dosaen péire a bhíodh muid ag fáil orthu.

Bhíodh corr chúrsa cócaireachta ar an oileán freisin. Cailín éigin a tháinig isteach don oileán a bhí á rith, ní cuimhin liom an t-ainm a bhí uirthi. Sa scoil a bhíodh na ranganna cócaireachta, bhíodh orainn napruín bhána a dhéanamh dúinn féin. Bhí sé go deas, bhíodh muid ag déanamh agus ag bruth rudaí agus á dtabhairt abhaile agus bhíodh muid an-sásta linn féin.

Chuaigh go leor de na leaids óga ag an am sin go Cill Dara ag obair ar an móin agus ina dhiaidh sin go Sasana. Na cailíní go Meiriceá a chuardar sin. Ní mórán cailín chor ar bith a chuaigh go Sasana. Bhí deirfiúr ag mo mháthair i Meiriceá, Bríd, Delia Connolly a thugtaí uirthi i Meiriceá bhíodh sí ag scríobh againn, sí a thug amach mise. Bhí fonn orainn imeacht, go mór mór nuair a chloisfeadh muid na heitleáin bhí fonn orainn imeacht.

Scríobh mé ag m' Aintín agus chuir sí na páipéir agam. Bhíodh réiteach mór le déanamh, bheadh suas le bliain i gceist. Chaithfeadh dul go Baile Átha Cliath agus cúpla lá a chaitheamh thuas. Bhíodh an bhean seo i nGaillimh 'Kate Fahy' a bhí uirthi, ba í an agent í. Shocraíodh sise chuile shórt, duine le casadh leat i mBaile Átha Cliath, lóistín agus chuile shórt. Ní raibh aon chleachtadh againn a bheith as baile, déarfainn gurb é an chéad uair a bhí mise i nGaillimh nuair a chuaigh mé ag tógáil pictiúir le dul go Meiriceá. Is cuimhin liom imeacht ar an mbád an "Dún Aengus" agus shíl mé nach dtiocfainn abhaile beo bhí mé chomh tinn sin. Bhí mé leis an mbád a fháil mí na Samhna, ach d'iarr m'athair is mo mháthair orm fanacht go gcaití an Nollaig ó tharla go raibh sé chomh gar don Nollaig.

Dúirt mé go bhfanfainn ach nuair a bhí an Nollaig thart ní raibh Kate Fahy in ann bád a fháil dom, ní raibh sé éasca le linn an chogaidh. Bhí orm dul go Baile Átha Cliath arís agus cur isteach ar víosa eile a fháil mar bheadh mo víosa

caite faoin am a mbeinn in ann bád a fháil arís. Dúirt Kate Fahy liom nár ghá dom pictiúr a fháil tógtha arís ach bhí orm dul go Baile Átha Cliath faoi mo víosa. Rinne mé sin, ach nuair a bhí mé thuas chuir siad amach mé le pictiúr a thógáil, Níl a fhios agam beo cén chaoi ar éirigh liom. Bhuel ní raibh a fhios agam cá dtiocfainn. Chuaigh mé isteach in áit éigin agus thóg mé iad. Bhí sé crua go leor, bhí orm fanacht cúpla lá le dul ag an dochtúr agus xrayanna a fháil tógtha. Ní mórán Béarla a bhí agam, thuig mé Béarla ach ní raibh mé in ann píosa cainte a dhéanamh i mBéarla.

Bhíodh muid ag cur fios roimhe sin ar amhráin Bhéarla go Baile Átha Cliath. Bhíodh siad le fáil in áit éigin ar phingin an ceann. Bhí an cailín seo ar an oileán a mbíodh a h-athair i nGaillimh go minic agus thugadh sé an páipéir abhaile, agus sin é an áit a bhí sí faoi na hamhráin seo. Bhíodh muid ag foghlaim Béarla uathu sin. An focal nach dtuigfeadh muid d'iarr muid ar dhuine éigin é a inseacht dúinn. Sin é an chaoi a raibh muid ag foghlaim Béarla.

An oíche sula ndeachaigh mé go Baile Átha Cliath d'fhan mé i nGaillimh le banaltra a bhíodh ag teacht ar an oileán, Mary agus Frank D'Arcy. Mary Brown, b'as Maigh Eo di ó thús. Ní bhíodh bád le fáil as an oileán ag an am sin ach dhá lá den tseachtain, Dé Céadaoin agus Dé Sathairn. Ach is cuimhin liom nuair a tháinig mé anuas an iarradh seo, bhí an traen deireanach, bhain rud éigin den traen agus bhí sí píosa fada stopaithe agus nuair a tháinig muid go Gaillimh ní raibh ach mé féin agus beirt eile ar an traen. Beirt óg, fear agus bean d'iarr siad orm an dtiocfainn go dtí an Bóthar Mór in éineacht leo, sin é an áit a raibh siad ina gcónaí mar go raibh sé ródheireanach agam a bheith ag dul go Bóthar na Trá an áit a raibh an teach ina raibh mé le fanacht. Bhí sé thart ar a dó a chlog san oíche. Dúirt mé leo go raibh teach lóistín gar agus dúirt mé leo go dtiocfainn ansin. Chuaigh mé ag an teach lóistín, bhí mé ag bualadh an dorais ar feath leathuair ach ní bhfuair mé aon aird.

B'éigean dom tosaigh ag siúl go Bóthar na Trá cé go mo deireanach liom é mar bhí mé ag cuimhniú cén chaoi a ndúiseódh mé iad sin freisin. Is cuimhin liom a bheith ag siúl siar agus bhí an bheirt fhir seo agus bhí soilse lasta, áit a raibh caoi á chur ar an mbóthar. Bhí an bheirt ina suí ann ag



Ó Chlé: Máirín Ní Chonghaille (Bheartia Bhán), Máire Ní Fhlatharta (Phealtch Bheag), ?, Máire Ní Fhlatharta (Máire Pháidín). Tógadh an pic. i mBoston sna 50aidí

faire. Dúirt siad liomsa "What is a young girl like you doing out at this hour of the night?" D'inis mé dóibh go dtáinig mé ar an traen agus go raibh sí deireanach, bhuail mé liom agus chuaigh mé go Bóthar na Trá. Bhí an t-ádh orm fuair mé an doras oscailte romham.

Ba fada ina dhiaidh sin go raibh mé in ann bád a fháil go Meiriceá, bhí sé ina Shamhain arís. Sin é an t-am a chuaigh mé go Gaillimh, chaith mé cúpla mí ann. Bhí mé ag tabhairt aire do bheirt pháistí. Bhí colcearthar liom freisin ag obair i dteach eile i mBóthar na Trá ag tabhairt aire do pháistí freisin agus thugadh an bheirt againn na páistí ar an trá.

Chuaigh mé abhaile sula ndeachaigh mé go Meiriceá ach ba as Gaillimh a d'fhág mé mar ní raibh aon bhadh ón oileán ach faoi dhó sa tseachtain agus á mbeadh an aimsir go dona b'fhéidir nach mbeadh sí ag seoladh. As Gaillimh a d'fhág mé le dul go Cobh an áit a raibh an bád le fáil agam. Níl fhios agam anois an bus nó traen a fuair mé, is mé féin a rinne an bealach síos ní raibh aon duine in éineacht liom. Bhí orm athrú in áit éigin tá mé ag ceapadh gur i Luimneach é. Casadh cailín Meiriceánach orm i Luimneach bhí sí tar éis an traen a chailleadh i nGaillimh agus fuair sí carr go Luimneach. Bhí sise go Corcaigh liom. Ba deacair liom í a thuiscint. Bhí sí ag caoineadh mar bhí abhuas ar feath trí mhí in éineacht le na h-uncail thiar i gConamara sa samhraidh ag plé le féar agus chuile shórt. Ní cuimhin liom cén t-ainm a bhí uirthi.

Go New York a bhí an bád ag seoladh. An "SS Washington" an t-ainm a bhí

SAORCLOCH

Éamonn Ó Mainín

Turloch, Rosmuc

**Ballaí Cloch,
Aghaidh Tithe,
Tinteáin**

Fón Póca: 087-6960850 Gach rath ar an bhFéile!

Siopa Ruairí Beag

Inis Meáin, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe

Fón/Faics: 00 353 99 73136

Fón Póca: 00 353 86 3460792

R-phost: gerimcinis@yahoo.ie

Amanna Oscailte

Dé Luain - Dé hAoine 10.30 - 6.00 i.n.

Dé Sathairn 10.30 - 5.00 i.n.

(Dúnta 1.00 - 2.00 i.n. le lón)

Dé Domhnaigh & Lá Saoire Bainc

Sundays & Bank Holidays 12.00 - 2.00 i.n.

Nioclás Ó Conchubhair Teo.

Rogha agus Seirbhís den Scoth

Quality Choice Service

Leitirmóir, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-551 114

Faics: 091-551 258

Casla, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-506 111

Faics: 091-506 044

Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach,
Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí, Péint & srl.

Go n-éirí an t-ádh le Féile Pléaráca 2007

Comharchumann Forbartha Árann Teo.

Seirbhísí ar fáil:

Forbairt Pobail

Giomnásiam

Ionad IT

Breosla Árann

Cúrsaí ar siúl

Seirbhísí Oifige

Cóipeáil

Clóscríobh

Priondail

Uaireanta Oifige

Luan - Déardaoin 9.00m. - 5.00in.

Aoine 9.00m. - 4.00in.

Lón:

1.00in. - 2.00in.

Cill Rónáin, Inis Mór, Árann,

Cuan na Gaillimhe

Fón: 099 61354/61394 Facs: 099 61454

MOYCULLEN MEATS

Moycullen Meats was established in 1985 and started producing cooked hams for their own deli. Through popularity and word of mouth Moycullen Meats were asked by major supermarkets to supply their specialities. Moycullen Meats products can be purchased in Dunnes Stores, Supervalu and several supermarkets and delis throughout Connaught.

CONTACT:

Dominic Downey,

Moycullen Meats, Moycullen, Co. Galway.

Telephone: 091 555683 / 091 555223

Email: domdowney@hotmail.com

Tí Catherine



Catherine Mulkerin,

Cill Rónáin,

Oileán Árann,

Co. na Gaillimhe

Bed & Breakfast

ROOMS EN-SUITE

Fón: 099-61464

Tigh Joe Mac

Cill Rónáin, Inis Mór

Ceol, Craic & Bia

Fón: 099-61248

Tigh Whicí

An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

Fón: 091-595110

Grósaer Trádalaí agus Búistéir
Flo Gas

Máire Pháidín Uí Mhaoilchiaráin

uirthi, ba é an turas deiridh é a rinne sí. Bhí fear amháin as Inis Mór ar an mbád, Patrick Mac Donnacha, ach ní mórán a chonaic mé dó, mar ba sa leaba a chaith mé an chuid is mo do na seacht lá a thóg an turas, bhí mé tinn an t-am ar fad.

Bhí banaltra ann den chine gorm. Bhí sí an-chrosta. Chuireadh sí as an leaba tú. Bhí mé ceart sa leaba ach chomh luath is a shuinn suas bhí mé ag caitheamh aníos. Bhí mé ag caitheamh aníos fola ar deireadh. Ní raibh mé ag ithe tada. Úllaí agus tósta, sin a raibh ceadaithe duit nuair a bhí tú tinn. Ó, b'fhada an t-achar é seacht lá. Bhí beirt chailíní as Túr Mhic Éadaigh sa seomra liom agus bhí cailín eile as Conamara ar an mbád. Go Washington a bhí sí sise ag dul.

Is i mBéarla a bhí siad ag labhairt liom. Ní raibh a fhios agam go ceann cúpla lá go raibh Gaeilge acu, ach an trathnóna seo bhí siad ag glanadh a gcuid bróga, "caith agam an scuab" a dúirt duine acu leis an duine eile. "Tá Gaeilge agaibh" a dúirt mise, "Ó, tá" a dúirt siad. "Is as Túr Mhic Éadaigh muid".

Bhí dhá bhliain caite i Sasana acu. Bhí málaí galánta acu. Ní raibh agam féin ach mála beag donn. Bhí gúna nua galánta bán agam. Banaltra a bhí anseo a cheannaigh dom é nuair a bhí mé ag imeacht. D'iarr duine acu orm an oíche seo an dtabharfaínn an gúna di. "Beidh damhsa ar an mbád anocht" a dúirt sí "agus tá muid ag dul ann". Thug mé di é mar ní raibh mé féin in ann dul ann. Bhí duine acu ansin ag iarraidh orm dul ag siúl léi ar an deic. Go ndéanfadh an t-aer maith dom. Chuaigh agus ní i bhfad go raibh mé ag aireachtáil tinn arís. "Ó, céard a dhéanfaidh mé anois?" a dúirt mé. "Gabh isteach anseo" a dúirt sí liom. Céard a bheadh ann ach seomra folca an chaptaein.

Céard a rinne an cailín ach lipstick a chuir uirthi féin! Ansin chuimil sí a béal ar an gcuirín bán a bhí ar an shower agus d'fhág lorg lipstick air. Is gearr go dtáinig bean eile isteach agus í cantalach. Idir mise a bheith tinn agus an cuirín millte ag lipstick is beag nár mharaigh sí muid. Ní dheachaigh mise in aon áit eile nó gur shroich muid New York. Bhí píosa fáda fanacht orm i New York, chaill mé an traein go Boston agus bhí orm fanacht leis an gcéad traein eile. Bhí fear Inis Mór sa stáisiún freisin ach go Washington a bhí seisean ag dul agus fuair sé traein sách luath. Bhí m'aint agus a mac le bheith romham sa stáisiún i mBoston.

Ní raibh fón ná rud ar bith an uair sin agus ní raibh aon bhealach le scála a chur ag an dream a bhí ag fanacht liom i mBoston. Bhí mé píosa fáda i mo shuí liom féin sa stáisiún. Bhí sé inste ag m'aint dom céard a bheadh sí ag caitheamh agus go mbeadh a mac in éineacht léi. D'inis mise di céard a bheinn féin ag caitheamh le go mbeadh muid in ann a chéile a aithint. Bhí sí féin agus a mac Joe romham nuair a shroich mé an stáisiún. D'aithin mé ar an bpointe í, bhí sí an-chosúil le m'aint Máire a bhí anseo ar an oileán.

Thugadar abhaile mé, bhí siad ina gcónaí píosa amach as an gcathair. Woburn an t-ainm a bhí ar an áit a raibh siad ina gcónaí. Bhí iníon aici. B'fhéidir go raibh sí bliain nó dhó níos óige ná mé féin. Bhí mé ag codladh sa seomra céanna léi, ach ní raibh fonn orm a bheith ag caint léi mar nach raibh an Béarla go maith agam. Níor chaith mé ach seachtain i mo chónaí le m'aint.

I rith na seachtaine sin tháinig an cailín seo a bhí ina cónaí i ngar do m'aint. Ba as áit éigin i nGaillimh í agus chuala sí go raibh mé tagtha. Bhí sí ag obair i monarcha. Tháinig sí ag iarraidh orm dul ag obair, go raibh duine ag teastáil sa monarcha ach ní ligeadh mó aint dom dul ag obair ann. B'fhearr léi mé dul ag obair i dteach agus chaithfinn glacadh le céard a bhí m'aint ag iarraidh. Dúirt sí go raibh mo chol ceathar Máire Phaithe Bheag ag teacht le mé a fheiceáil. Bhí Máire dhá bhliain thall romham. D'iarr Máire orm a theacht in éineacht léi amach go dtí a teach féin, agus chuas. (tá Máire ina cónaí anseo gar dom anois ar an oileán). Máire Ní Fhlatharta agus Máire Uí Fhlatharta atá anois uirthi.

Chuaigh mé ag obair le Iúdaigh Fran agus Leo Marcus, bhí beirt ghasúir acu Jimmy agus Elisabeth, bhí an cailín aon bhliain déag agus bhí an leaid bliain nó dhó níos óige. Bhí mé i dteach álainn, bhí siad an deas agus an mhaith dom. Bhí monarcha éadaigh acu agus ní fhios cén t-éadach a thugadh siad dom, sciortaí agus blúsanna. Thugadh siad éadach le haghaidh an earraigh, an tsamhraidh, an fhómhair agus an gheimhridh dom. Chuirinn go leor éadach abhaile ag mo dheirfiúracha. Bhí airgead maith ann, 25 dollar sa tseachtain a bhí mé ag fáil ar dtús agus ansin chuaigh sé suas go dtí 45 dollar. Chuireadh muid airgead abhaile freisin cúpla uair sa mbliain. Bhí mé sé bliana thall, is leo a bhí mé ag obair ar feadh an ama sin, ní iarrfaínn corraigh as.



Máire Pháidín Uí Mhaoilchiaráin

Ní dhearna muid mórán taistil, chuaigh muid go New York uair amháin. Théadh muid ar cuairt ag a chéile agus ag na damhsaí. Bhí beirt deirfiúracha liom Bríd agus Peige tagtha amach faoin am seo. Chasadh muid le chéile sna hallaí damhsa bhí trí halla damhsa in aice lena chéile.

Bhí halla damhsa ag muintir Chonamara iad féin. Flaherty a bhí ar an bhfear a bhíodh ag ceol ann. Is ann a théadh a bhformhór. Théadh muid ag an Inter Colonial agus an Hibernian freisin. Bhíodh an damhsa thart luath timpeall leath uair tar éis a h-aon dhéag. Théadh muid ina dhiaidh sin isteach i mbialann ag ól cupán caifé nó tae. Chaitheadh muid uair a chloig eile ansin.

Bhí mé dhá mhí gann as a bheith na sé bliana ann nuair a tháinig mé abhaile. Mé féin agus mo chol ceathar Máire. Ticéid fhille a bhí againn, bhí rún againn dul ar ais ach ní dheachaigh. Anall ar an mbád a tháinig mé arís. Bád álainn an "Mauritania".

An tráthnóna céanna a dtáinig muid abhaile, tháinig m'fhear agus leaid eile in éindí leis siar ag an teach againn agus canna mór portair do mo Dheaide aige. Bhí aithne agam air sula ndeachaigh mé go Meiriceá. Bhí aithne ag chuile dhuine ar an oileán ar a chéile. Is dócha go raibh sé ag caint le m'athair ach is orm féin a d'iarr sé an bpósfainn é, seo tar éis scaitheamh. Bhíodh sé thiar ag an teach againn go minic roimhe sin mar bhíodh mo dheirfiúr ag scríobh agam

agus í ag rá go mbíodh sé ag fiarraidh cén uair a mbeinn ag teacht anall. Páidín Ciarán a thugaidís air, Páidín Ó Maoilchiaráin.

Thiar sa Séipéal anseo ar an oileán a phós muid i 1955. Bhí an tAifreann ag a h-aon dhéag. Ba é an tAth. Ó Mórán a phós muid. Ba í mo chol ceathar Máirín Ní Chonghaile agus mo chol ceathar Pháidín Mairtín Ó Fátharta a sheas linn.

Sa teach anseo a bhí an bhainis. Bhí bricfeasta againn leis an Sagart abhus anseo sa teach. Tháinig an dream óg san oíche agus bhí ceol agus damhsa go maidin agus ar feadh píosa maith den lá ina dhiaidh sin. Chloisfinn na fir a rá go ndeachaigh siad amach sa teach taobh amuigh agus gur bhrúth siad iasc ann tar éis na hoíche.

Ní feictear dom go raibh sé deacair socrú síos arís ar an oileán tar éis Mheiriceá. Cheap muid go raibh feabhas tagtha ó d'imigh muid, bhí chuile shórt le fáil sa siopa. Bhí dhá siopa ar an oileán i gcónaí agus pub, níl anois ann ach siopa amháin.

Bhí muid sásta go leor, ghlac muid leis. Bhí go leor daoine dá n-aois féin ar an oileán i bhfad níos mó ná tá anois.

Isteach sa teach seo a phós mé. Aint le Páidín a thóg an teach seo. Máire Pháidín a bhí uirthi, Páidín a bhí ar a fear, Páidín Ó Flatharta. Bhí sí féin agus a fear ar feadh dhá bhliain déag i Meiriceá agus nuair a tháinig siad abhaile thóg siad an teach seo i 1910 agus bhí sí ag cuir lóistín ar fáil anseo ar feadh blianta fada. Is anseo a d'fhanadh an Sagart nuair a thagadh sé le hAifreann a léamh ag an deireadh seachtaine ní raibh aon Sagart ar an oileán, agus na cuairteoirí a thagadh. Is gearr go mbeidh sé céad bliain. Bhí sí á inseacht dom, mhair sí thart ar bhliain go leith tar éis dúinn pósadh.

Bhí Máirín againn m'iníon, rugadh Máirín i mí Iúil agus fuair Máire Pháidín bás mí Eanáir dár gcionn, is cuimhin liom go dtagadh sí isteach sa seomra ar maidin ag breathnú ar an bpáiste. Rugadh Máirín sa teach bhí sé an-deacair an t-oileán a fhágáil á mbeadh ort dul ag an Ospidéal an t-am sin. Ní raibh banaltra seasta ar an oileán ag an am. Bhí an saol crua go maith na blianta sin. Ní raibh leictreachas ná an t-uisce ar an oileán. Ní raibh againn ach móin. Chaithfeadh gach teach locht móna fháil. Is cuimhin liom bean an tí

seo, bhíodh sí ag iarraidh dhá locht i gcónaí mar gheall ar na cuairteoirí a bheith aici, lucht báid. Nuair nach mbíodh na báid in ann a theacht isteach, bhíodh siad ag tógáil an bhualtrach sna buailte nuair a bhíodh sé tirim ach ní raibh aon bhuaineas ann. Is mó luaithreach a bhí air ná tada. Ach ansin thosaigh an gual ag teacht agus bhí sé níos éasca é fháil sa deireadh mar ní raibh na báid ag teacht, bhí an mhóin glan.

Bhíodh siad ag faire go luath sa mbliain ar bháidín Mháirtín Phádraicín, sin é a thugadh m'athair air, thagadh sé go luath san Earrach. Bhíodh siad go dona gan an mhóin, ba chuma ach an mhóin a bheith acu. Ar an tine a bhrúití fataí, an t-arán sa mbacús, agus tine a chur ar a bharr. Ba í an mhóin an gantan ba mhó a bhí ar an oileán. Chaití í a spáráil. Nuair a bhíodh lucht ceannaithe thagadh gaolta le cúnamh a thabhairt an mhóin a thabhairt suas ón gcéibh ar fhaitíos go n-eireoidh an fharraige, ní fhagfí thar oíche ar an gcéibh í. Chuirtear suas ar an mbuaille í agus ansin tharraingníodh siad abhaile í le carranna capail.

Tá mé féin píosa maith blianta ag coinneáil cuairteoirí ó bhí Máirín thart ar dhá bhliain d'aois, d'fhanadh an Sagart oíche nó dhó nuair a thagadh sé ag an deireadh seachtaine. Bhíodh cuairteoirí ag teacht ag an doras ag iarraidh lóistín ach sé an chaoi ar thosaigh mé, - an bhanaltra a bhí ar an oileán a chuir beirt scoláirí ón Ollscoil agam, beirt chailíní le Gaeilge a fhoghlaim. Chuir sí scoláirí eile agam ina dhiaidh sin. Agus ansin d'iarr fear an tsiopa orm, Ruaidhrí Beag, Sagairt a bhíodh ag teacht aige mí Meitheamh a choinneáil, sin é athair an fhir atá anois ann.


Is iomaí duine a tháinig agus a d'fhan anseo ó chuile áit sa domhan. Chaith Pól Ó Foighíl an fhaid is a bhí sé ag teacht ar an oileán, anseo liom. An fear bocht fuair sé tinn go tobann. Bíonn daoine ag teacht chuig an oileán chuile am den bhliain. Fuair m'fhear Páidín bás ceithre bliana déag ó shoin. Tá m'iníon Máirín agus a fear John Connole ina gcónaí i gCo. an Chláir. Bíonn siad isteach go minic. Chaith mé

an Nollaig gar do Bhaile Uí Bheacháin i gContae an Chláir. Tá beirt chlainne acu Cillian agus Cormac. Bíonn siad isteach go minic. Chaith mé an Nollaig in éineacht leo i gContae an Chláir, tá sé go h-álainn ann ach b'fhearr liom an t-oileán mar sin féin. Is mór an comhlúadar na cuairteoirí, tugann sé rud le déanamh dom, agus na beithí coiníonn mé cúpla beithíoch freisin is maith liom iad.

Tá go leor dul chun cinn déanta ar an oileán leis na blianta, ach bheadh faitíos ort mar sin féin go dtiocfadh sé chun deiridh. Tá daoine ag imeacht i gcónaí. D'imigh cúpla comhlúadar le gairid, sin rud nach mbíodh ag tarlú fadó. Agus níl mórán páistí ag dul ag an scoil. Níl mórán iascach á dhéanamh sé an trua é, níl an aimsir ann. Is dócha go mbíodh an aimsir níos breátha fadó. Bhíodh go leor ronnach agus chuile chinneáil á marú.

Thug an t-eitleán saoirse breá dúinn. Tá súil agam go mbeidh sí againn i gcónaí. Fuair muid litreacha an lá cheana go mbeidh gearradh siar uirthi. Ní fhágfainn an t-oileán ar rud ar bith, ach á gcuirtí deireadh leis an eitleán is beag nach ndéarfainn go bhfágfadh, ní thiocfainn ar an mbád ar thada.

Máire Pháidín Uí Mhaoilchiaráin



An Bhrídeog

Tá an tradisiún seo ar an oileán leis na cianta. Is oíche speisialta í oíche na Féile Bríde do na cailíní bunscoile. Déantar an bhrídeog as dornán tuí. Cuirtear maide slat choill trasna sa dornán mar lámha. Cuirtear éadach bán ar a ceann, gúna agus maisítear í le ríbiní ioldaite agus bróistí. Cuirtear súile, srón agus béal uirthi agus ar ar ndóigh an sparán leis an airgead a chur ann.

Is tar éis na scoile a théann na cailíní thart ó theach go teach, beirt le gach brídeog agus deir siad an phaidir in onóir Naomh Bríd agus is beannacht í seo do chuile theach ar an oileán ar an oíche seo.

**Crios Bhríde mo chríos
Muire is a Mac, Bríd is a brat
Más fearr atá sibh anocht
Go mba seacht fearr a bheidh sibh
bliain ó anocht.**

Tá na paidreacha seo in onóir do Naomh Bríd agus fuair mé fhéin iad ó mo mháthair.

**A Bhríd, a Mhuire na nGael
Scar orainn do bhrat,
A Bhríd, a chroí na féile
Stiúraigh sinn ar an mbóthar ceart
A Bhríd a mhaighdean gheal chóir
Cuidigh linn roimh Dhia na glóir
In mo shuí dhom, im luí dhom san oíche nó
sa ló.**

**Go mbeidh mé leatsa choiche is go deo.
A Bhríd, a Mhuire na nGael
Leathnaigh orm do bhrat,
Is coinnigh faoi do thearmann mé
Go bhfaighe mé bás gcairdeas Dé.**



Urnaí do Naomh Bhríd

A Bhríd dhilís Naofa
Réalt Lonrach na naofachta
Nuair ba neartmhuire creideamh Gael
Agus nuair ba mhó grá ar Dhia na huilechumhachta
Nar thréig muid ariamh
Is agatsa a chuirimid ár nguidhe anois
Le díogras agus le dóchas
Mar thug tusa cúl le saibhreas, le pléisiúir
agus le grá an tsaoil seo.
Faigh grásta dhúinn Ríocht Dé agus
An fhíréantacht a chuartú thar aon rud eile
Agus muinín a bheith againn i gcónaí
as a riar aithriúil.

As ucht na déirce a rinne tú ar feadh do shaoil
Ar na daoine bochta, ar na daoine tinne agus ar gach
Duine a bhíodh ag lorg Solais agus sólas.
Fáigh dúinne go ndéanfaidh muid ár ndícheall i
nghuidhe Dé i rith ár saoil,
Agus go mbeidh muid ag tnúth, mar bhí tusa le beatha
Na Glóire i láthair Dé, Ar feadh na síorafochta.
As ucht na síochána naofa a bhí agat ar leabha do bháis
Faigh maithiúnas iomlán, ár bpeacaí agus suimhneas
aighe
Dúinne le dhul i láthair an Tiarna ina bhfuil
an ceart agus an mhórtthrocáire. Áiméan

Tobar an Chinn Dheirg

Is tobar beannaithe é seo atá suite i mbuaille in aice an tSéipéil. Déantar turas ag an tobairín seo ar an 15 Mí Lúnasa nó Féile Muire Mór sa fhómhar. Deirtear go leigheasadh daoine ann fadó – óltar braon beag den uisce as an tobairín seo tar éis na paidreacha a rá, seacht n-uaire a théitear timpeall air. Bhí scéal beag faoin tobairín seo ag daoine. 'Bhí an t-uisce gann fadó mar bhí an-triomach ann agus thug fear uisce as tobairín seo – chuir sé sa chiteal é ach níor fhiuch an citeal ariamh'. Cinn dearg nó ceann dearg, deirtear gur bhean í seo a raibh gruaig rua uirthi.

Dánta

ó Dr. Ciarán Ó Coigligh

Tigh Chonghaile

(Do Phádraig, do Vilma agus d'Áine Máire)

Gabh i leith isteach is lig do scíth
Is bíodh leaba agat féin ar feadh na hoíche
Le togha an bhia is le rogha na dí.
Beidh caint is craic is ceol is spraoi
Ag gach uile dhuine ar gach uile chaoi
ó éireos an mhaidin go dtitfidh an oíche.

Strainséara

Níl comhluadar san oileán
ach ar éigean
nach eol dom a sloinne ach
is fada sa tsíoraíocht
gurb eol dom
mianach gach cine díobh.
Cén "scadán caoch"
a chumhdaítear le corp náire
i mbabhal cráite an dearmaid?
Cén "chiseog" a cheiltear ormsa
in ainneoin dáimhe is ceana?
Cén tnúthán síoraí a cheansaítear
le buairín seasc an tosta?
"Scadán caoch" na laige féin,
"ciseog" an chrois feola
is tnúthán tuathalach na páirte
a choinnínmse i gcomhra faoi ghlas
na strainséarthachta.

10 Lúnasa 1989

Na Craga Fliucha

Breacbháisteach.
Faoi scáth oilers ár gcaidreamh chompordaigh
Roinneadh an tost
is roinneadh an focal.
Leáitear teannas faoi chuimilt chaoi an aeir.
Go maire síoraí
an t-aga sona, an uain chiúin shuáilceach:
Oilithreacht aoibhinn ár dtaisteal
ar bhóithrínní clochacha...

Inis "Iron" Meáin

Deich gciliméadair a rith thar bhóithrí casta,
talamh garbh, mótaí agus trá gainnimh atá i
gceist le páirt a thógáil in Inis "Iron" Meáin.
Cuireann Inis "Iron" Meáin, ó Shamhain 2004,
ceann de na dúshláin lúthchleasaí is deacra san
tír ar fáil, rud atá deimhnithe ag Sonia O'Sullivan
agus David Campbell (buaiteoir 2008) a thógann
páirt go rialta. Sé Lorcán O'Callaráin, (Múinteoir
i bhFoighil ar Choláiste Naomh Eoin ag an am), a
thosaigh an rása in 2004 le airgead a bhailiú do
Mheánscoil Inis Meáin.

Tosnaíonn scoláirí agus foireann oibre Choláiste
Naomh Eoin ag réiteach faoi chomhair an rása ó
dheire mí Mheán Fómhair amach. Bíonn táillí
iontrála le bailiú, le breacadh síos, an cúrsa (crua
agus fíor chrua) le marcáil, bia te le cuir ar fáil tar
éis an rása, mapaí den chúrsa le réiteach, lóistín
agus bialainn le cuir in áirithe, málaí rása le
pacáil agus caitheamh aimsire le na h-oíche a
shocrú. Téann an rí-rá i bhfeidhm go mór ar an
oiléan agus tagann an pobal amach ar san na
scoile ag déanamh an ócáid is mó sa bhliain dhe.

Ach, ní cruatan agus allas amháin atá i gceist leis
an deireadh seachtaine seo. Tugann sé seans do
chairde casadh le chéile agus bíonn comórtas
bréag-éadach san Teach Ósta oíche an rása mhóir.
Sí an litir 'P' téama an chomórtais bréag-éadach
anuraidh a d'fhág oiléanaigh agus cuarteoirí
gleásta suas mar *Phopeye*, sagairt, foghlaí, Cailíní
Liathdhearga agus cochaill peasáin. Ach, ní gá
duit a bheith i do lúthchleasaí iontach le páirt a
ghlacadh sa rása Inis "Iron" Meáin. Tá cúrsa níos
giorra agus níos éasca, gur féidir leat a shiúl, a
ritheach nó a bhogshodar. Má cheapann tú go
bhfuil tú in ann aige, déan teagmháil le Coláiste
Naomh Eoin ag (099) 73991 agus beidh chuile
eolas le fáil faoi Inis "Iron" Meáin 2009.

Ar son Choláiste Naomh Eoin, ba mhaith linn
míle buíochas a ghlacadh libh uilig ar an mórthír
agus ar Inis Meáin a thug tacaíocht dhúinn go dtí
seo, ag déanamh ócáid iontach dhó agus é ag
feabhsú ó bhliain go bliain.

Gearóidín Níc Ghiolla Ruaidh,
Inis Meáin. 2009.

Oireachtas na Samhna 2009

LEITIR CEANAINN
28 DEIREADH FÓMHAIR - 1 SAMHAIN

NA COMÓRTAIS

(Do Dhaoine Óga & do Dhaoine Fásta)

Amhránaíocht ar an Sean-Nós

Rince Aonair ar an Sean-Nós

Lúibíní

Agallamh Beirte

Scéalaíocht

Dreas Cainte

Scoraíocht (Daoine Fásta)

Seó Ardáin (Daoine Óga)

Sceitse (Daoine Fásta)

Amhráin Nua-Chumtha


Faigheann
Oireachtas na Gaeilge
deontas



Foras na Gaeilge

OIFIG AN OIREACTAIS 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2
Fón: + 353 1 475 3857 Facs: + 353 1 475 87 67 www.antoireachtas.ie

pics. le Bob Quinn, Hedí Gotthalseder agus John Carlos



1994

Pádraic Tom Photch
Ó Ceannabháin



1995

Máirtín Tom Sheáinín
Mac Donncha



1996

Máire Bn. Uí Chonaola



1997

Máirín & Joe Steve
Ó Neachtain




1998

Micheál Mháire
Ghabha



1999

Tom a' tSeoighe



2000

Breandán Ó Tuairisg



2001

Máire Welby



2002

Johnny Phádraig
Pheter Connolly



2003

Tomás Mac Eoin



2004

Séamas Ó Cualáin



2005

Coiste Choláiste Chuimhneacháin an Phiarsaigh



2006

Eddie Bheartla Ó
Conghaile



2007

Treasa Ní Mhiolláin



Gradam Phléaráca 2008

Sonáí Choilm Learaí Ó Conghaile